



ODF

An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2016





An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann

An Chairt Chustaiméiri

Bunaíodh Ombudsman Óglaigh na hÉireann de réir an dlí chun próiseas achomharc a chur ar fáil atá neamhspleách go reachtuil trínar féidir le baill d'Óglaigh na hÉireann a ndearnadh gearán dá chuid a phróiseáil tríd an gcóras um Shásamh in Éagóracha, ach nach bhfuil sásta fós leis an toradh, a ngearán a chur faoi bhráid an Ombudsman le hathbhreithniú.

Freisin glacann Ombudsman Óglaigh na hÉireann le gearáin arna ndéanamh go díreach ag iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann, faoi réir coinníollacha áirithe.

De bhun alt 4 agus 6 d'Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 féadfaidh an tOmbudsman, le heisceachtaí áirithe, gníomh a fhiosrú a glacadh ag ball d'Óglaigh na hÉireann nó ag státseirbhíseach ón Roinn Cosanta,

- (a) a raibh drochthionchar aige nó a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar ghearánaí,
- (b) áit ar féidir a rá nó a d'fhéadfaí a rá i dtaobh an ghníomh –
 - (i) gur glacadh gan údarás cuí é,
 - (ii) gur glacadh ar chúiseanna neamhábhartha é,
 - (iii) gur glacadh mar thoradh ar fhaillí nó easpa cúraim é,
 - (iv) gur glacadh ar bhonn faisnéise míchirt nó neamhionláine é,
 - (v) go ndearnadh idirdhealú nárbh ceart leis
 - (vi) go raibh sé míréasúnta d'ainneoin chomhthéacs na timpeallachta mÍleata,
 - (vii) go raibh sé bunaithe ar chleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe, nó
 - (viii) go raibh sé in aghaidh riaracháin chórá nó stuama,
- (c) nárbh ordú é an gníomh a eisíodh le linn oibríochta mÍleata, agus
- (d) i gcás ball seirbheála d'Óglaigh na hÉireann,
gur dócha nach dtiocfar ar réiteach ar an scéal agus go bhfuil tréimhse 28 lae imithe thart ó rinneadh an gearán faoi alt 114 d'Acht 1954.

Féachann Ombudsman Óglaigh na hÉireann chuig modh um breithniú cásanna a chur ar fáil atá cóir, éasca le tuiscint agus inrochtana.



Leis seo leagaim os bhur gcomhair Tuarascáil Bhliantúil 2016 de chuid Ombudsman Óglaigh na hÉireann de bhun Alt 7 d'Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004. Seo an 11ú Tuarascáil Bhliantúil a leagtar os bhur gcomhair maidir le hobair Ombudsman Óglaigh na hÉireann, ó bunaíodh ar an 1 Nollaig, 2005 é.

Tony McCourt

Patrick Anthony McCourt
An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann





ODF
Tuarascáil Bhliantúil 2016





Clár Ábhair

Brollach	1
Buaicphointí 2016	12
Anailís ar Ghearáin & Achomhairc - 2016.	13
Achoimrí Cáis	26
Gnóthaí Corparáideacha	59

Is mian le hOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann buíochas a ghabháil le Preasoifig Óglaigh na hÉireann as úsáid na ngrianghraif a úsáidtear sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

<https://www.flickr.com/photos/dfmagazine>





1 Brollach:

Tá áthas orm 11ú Tuarascáil Bhliantúil Ombudsman Óglaigh na hÉireann (ODF) don bhliain 2016 a chur i láthair. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo féachtar siar ar obair na hOifige le haghaidh an aonú bhliain déag ó bunaíodh ar an 1 Nollaig 2005 é. Freisin is í an 5ú Tuarascáil Bhliantúil atá á heisíúint agam féin ó ceapadh mar Ombudsman mé ar an 7 Samhain 2012. Sa Tuarascáil seo clúdaítear an ceathrú bliain iomlán atá caite agam féin mar Ombudsman Óglaigh na hÉireann (ODF). Athcheapadh ag an Uachtaráin mé ar feadh dara tréimhse de dhá bhliain le héifeacht ón 7 Samhain 2015.

Táim ag leanúint ar aghaidh le mo bheartas i leith Tuarascálacha Blantúla na hOifige seo a fhoilsiú go leictreonach. Is mian liom a thaifeadadh go bhfuilim fíorbhuióch as Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann as aontú mo chuid Tuarascálacha Blantúla a chur ar fáil do gach ball d'Óglaigh na hÉireann trí hInlón Óglaigh na hÉireann. Táim fíorbhuióch as a chúnamh chuige sin. Cuirfidh lucht m'Oifige cóipeanna leictreonacha ar fáil freisin do dhreamanna agus daoine aonair leasmhara éagsúla. Foilsítear Tuarascálacha Blantúla ar láithreán gréasáin an ODF chomh maith. Tógfar faoi chlórith bheag le haghaidh chuspóirí taifid agus cartlainne. Leis na socruthe sin déantar cinnte go mbítear éifeachtúil ó thaobh airgeadais agus go dtugtar rochtain éasca ar an Tuarascáil.

Is oth liom a rá go raibh gníomhaíochtaí oibriúcháin na hOifige fós teoranta i rith 2016 ar chuíseanna dlí. Cuirteadh tús le dúshlán Ard-Chúirte i gcoinne mo cheapacháin i Samhain 2012. Cé gur sheas an Breitheamh Onórách Hedigan le dlíthíúlacht mo cheapacháin ina chinneadh ar an 21 Samhain 2013, rinneadh achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne an chinnidh sin i mí na Nollag 2013. Ina dhiaidh sin aistríodh an t-achomharc chun na Cúirte Uachtaraí chuig an gCúirt Achromaire nuair a bunaíodh í. Suas go deireadh 2016, níos mó ná trí bhliain iomlán tar éis bhreithiúnas na hArd-Chúirte, níor tionscnaíodh ná liostaíodh an t-achomharc sin os comhair an Chúirt Achromaire. Níor éirigh le hiarrachtaí an t-ábhar a bhrostú. Ábhar mór díomá ab

ea an fhíric nach raibh aon dul chun cinn déanta maidir leis an achomharc faoi dheireadh 2016. Arís eile molaim do na húdaráis ábhartha gach céim is gá a ghlacadh chun an t-ábhar a thabhairt chun críche gan mhoill. Ar ndóigh, ábhar suaimhnius dom é nach ndearnadh aon agóid dlíthíúil eile i gcoinne m'athcheapadh chun na hOifige seo ar an 7 Nollaig 2015.

Tá áthas orm a rá go bhfuilim fíorbhuióch don Leas-Aimiréal Mark Mellet DSM as a thacaíocht agus a ghealltanás leanúnach chun cainéil éifeachtacha cumarsáide a choimeád idir ár gcuid Oifigí agus ball fóirne faoi seach agus é mar aidhm réiteach gearán a chuirtear faoi bhráid m'Oifige a bhrostú. Freisin tapaím an deis seo chun comhghairdeas a dhéanamh leis an gCeann Foirne agus le gach ball d'Óglaigh na hÉireann as a gcuid oibre den scoth sa raidhse ócайдí searmanais a reáchtáladh ar fud na tíre chun cothrom céad bliain ó 1916 a chomóradh. Cé nach bhfuil aon amhras ach go raibh idir deacraíochtaí eagraíochta agus pearsanta ag baint leis an gcuid mhór ócайдí éagsúla ar thug bailí fóirne Óglaigh na hÉireann páirt iontu i rith 2016 ba le gairmiúlacht agus cruinneas amach is amach ar tugadh faoi gach ócайдí searmanais, rud a mbíonn muintir na hÉireann ag súil anois go léireoidh Óglaigh na hÉireann agus a ndéanann siad talamh slán de. Ba cheart do gach ball d'Óglaigh na hÉireann bheith bródúil as an ról a ghlac siad. Maith sibh. Arís eile guim rath ar an gCeann Foirne i ndualgais throma a Oifige. Bhí mé fíorbhuióch dó as am a chur i leataobh ina sceideal gnóthach chun cruinnithe a bheith aige liom i rith 2016 agus go raibh sé sásta leanúint ar aghaidh leis an gcaidreamh fíormhaith idir ár gcuid Oifigí faoi seach. Arís d'aontaigh muid díriú ar réiteach luath gearán áit is féidir. Tá leibhéal den scoth de chumarsáid agus chomhar idir m'Oifig agus leis na hÚdaráis Mhíleata éagsúla nach mór do m'Oifig bheith i dteaghmáil leo.

Sna staitisticí atá cuimsithe sa 11ú Tuarascáil Bhliantúil seo tugtar forbhreathnú ar ghníomhaíocht ODF i rith 2016. I rith 2016, fuair m'ofig 81 Phógra faoi Ghearán (FGanna) ó Óglaigh na hÉireann, i dtaobh iarratas ar Shásamh in Éagóracha (SIÉ) de bhun alt 114



den Acht Cosanta 1954, a tionscnaíodh ag baill seirbheála d'Óglaigh na hÉireann. Ina theannta sin, chuir iarbhall 1 ghearán amháin faoi bhráid na hOifige seo go díreach i rith 2016. Ba é lón ionmlán na ngearán ar tugadh fógra fúthu don Oifig seo le haghaidh 2016 ná 82. Laghdú suntasach bliain ar bliain de 29 (26%) a bhí ansin i gcomparáid leis na 111 fógra a fuarthas i rith 2015. Tugann na 82 fhógra faoi ghearán a fuarthas i 2016, i gcomparáid le 111 le haghaidh 2015, 112 le haghaidh 2014, 124 le haghaidh 2013, 127 le haghaidh 2012, 78 le haghaidh 2011 agus 62 le haghaidh 2010, cé gur sroicheadh buaic sa lón bliantúil gearán ar tugadh fógra fúthu i 2012 agus gur laghdaigh an lón diaidh ar ndiaidh tar éis sin, go bhfuil siad fós os cionn leibhéal 2011 agus 2010. As na 81 fhógra a fuarthas ó Óglaigh na hÉireann i rith 2016 tarraingíodh siar nó réitíodh 40 (49%) díobh i rith na bliana.

Tháinig laghdú ar lón na gcásanna idir lámha, ag céimeanna éagsúla breithnithe, ó 115 ar an 1 Eanáir 2016 go 113 ar an 31 Nollaig 2016. Chuige sin, bliain shuntasach ab ea 2016 inar tháinig laghdú ar lón na gcásanna á n-athbhreithniú ag m'Oifig, cé nach raibh i gceist ach laghdú faoi 2, den chéad uair riabh i rith mo thréimhse oifige. Tagadh ar chinneadh deireanach maidir le 24 chás i rith na bliana. I rith 2016, cuireadh 22 chás nua faoi bhráid an ODF. Dá réir sin, bhí 137 cás á n-athbhreithniú ag an ODF i rith 2016. Cé gur méadú 3.8% a bhí i gceist ón 132 cás a bhí á n-athbhreithniú i 2015, méadú 19% ón 115 cás a bhí á n-athbhreithniú i 2014 agus méadú níos mó de 37% ón 100 cás a bhí á n-athbhreithniú i 2013, gach seans gur cor cinniúnach é. Eisíodh 24 Thuarascáil Dheireanach agus 6 Réamhthuarascáil i rith 2016. Bhí 113 cás fós á n-athbhreithniú ar an 31 Nollaig 2016, laghdú beag ó dheireadh na bliana roimhe. Eisíodh roinnt Tuarascálacha Deireanacha i rith 2016 maidir le gnéithe éagsúla den Chomórtas Ardaithe Céime OCN i 2012. Is é lón na gcásanna den sórt sin is mó is cúis leis an riaráiste mór cásanna.

Ag féachaint chuig an laghdú leanúnach agus seasta i 2016 ar lón na bhfógraí faoi ghearáin a fuarthas ó 2012, tá áthas orm a thuairisciú gur cosúil go bhfuil na

méaduithe bliantúla roimhe sin ar lón na gcásanna á n-athbhreithniú tar éis éirí seasta agus den chéad uair riabh a mhalaírt de scéal a chonacthas i rith na bliana. Cé gur cosúil go ndearbháíonn 2016 an treocht i dtreo lón níos lú gearán á gcur faoi bhráid an ODF ó 2012, tá sé ró-luath a mheas an leanfaidh an treocht sin ar aghaidh san fhadtéarma.

Is é ról an ODF ná meicníocht neamhspleách, neamhchlaonta agus inrochtana a chur ar fáil chun gearán a athbhreithniú laistigh de dhlínse agus maoirseacht a dhéanamh ar phróisis agus chleachtais in Óglaigh na hÉireann. Cuimsíonn mo shainchúram freisin athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin maidir le 'gníomhartha' glactha ag, nó thar ceann, státseirbhíseach sa Roinn Cosanta, maidir le feidhmiú a gcuid dualgas riaracháin sa Roinn. Chuir idirghníomhú Oifig an ODF le hÓglaigh na hÉireann agus le hoifigigh na Roinne, i dteannta le freagraí na n-Údarás Míleata agus Roinne ar thuarascálacha cáis a eisíodh le blianta beaga anuas, chomh maith le tionscnaimh ar thug na hÚdarás féin fúthu, i dteannta a chéile le feabhas ar na caighdeáin riaracháin. Tá ról tábhachtach ag an ODF fós trí bhéim a leagan, áit is gá, ar thábhacht na gcreat reachtúil, rialála agus riaracháin nach mór cloí leo agus trí dhéanamh cinnte go ndéileáiltear le gearáin ar bhealach, agus aird chuí á tabhairt i gcónaí ar riachtanais oibriúcháin, a thugann meas ar nádúr Óglaigh na hÉireann chomh maith le cearta a gcuid ball agus iarbhall go léir. Aithním agus molaim gach Údarás as a gcuid freagraí a bhíonn dearfach agus cuidiúil de ghnáth ar fhiosruithe ón ODF agus thuarascálacha arna n-eisiúint aige.

Creidim gur mór an tionchar a bhíonn ag an oifig shibhialta neamhspleách agus neamhchlaonta seo, ó bunaíodh i 2005 é, ó thaobh gearán in Óglaigh na hÉireann a réiteach. Aithním rannpháirtíocht agus ceannaireacht an Aire Cosanta agus oifigigh a Roinne le linn thréimhse na tuarascála seo. Gabhaim buíochas freisin as tacaíocht agus comhar an Cheann Foirne, an Leas-Aimiréal Mark Mellett, DSM, agus chuid Oifigeach Foirne Sinsearach, ball d'Óglaigh na hÉireann agus a gcuid Cumann Ionadaíoch. Tá sé





ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016





tugtha faoi deara agam go mbíonn na hÚdarás Mhíleata sásta ach go háirithe plé le m’Oifig agus muid ag díriú ar réiteach sásúil agus inghlactha a fháil ar ghearáin, ag tógáil san áireamh tuairimí agus moltaí m’Oifige. Aontaítear go ginearálta gur fearr mian gearáin a réiteach chomh luath agus is féidir. Mar gheall air sin molaim na hÚdarás Mhíleata agus Roinne. Sa chomhthéacs sin agus ag féachaint chuig na moltaí a rinne mé féin roimhe sin, moltaí an duine a bhí i mbun oifige romham, agus moltaí thuarascáil an IMG, bím ag plé leis na hÚdarás Mhíleata agus Roinne maidir le hathruithe ar an gcóras reatha a chuirfeadh le réiteach éifeachtach níos luaithe ar ghearáin. **Creidim fós go dtarlaíonn moilleanna iomarcacha sa chóras reatha.** Molaim iarracht chomhordaithe a dhéanamh chun na moilleanna sin a laghdú. Tá laghdú suntasach ar an mbrath faoi láthair ar thuarascálacha foirmiúla fada ag m’Oifig, chun gearán á gcur faoi mo bhráid a thabhairt chun críche, inmhianaithe agus is féidir é a bhaint amach. I nósanna imeachta éifeachtacha um ghearáin díritear ar réiteach luath neamhfhoirmiúil mar an ngnáthnós. Ba cheart go mbeadh imscrúduithe agus thuarascálacha foirmiúla il-leibhéal ina n-eisceacht seachas ina ngnáthnós. Má táthar chun déileáil le moilleanna sa chóras reatha, agus an méid acmhainní atá ar fáil á thógáil san áireamh, teastaíonn athruithe chuige sin. Roimhe seo mhol mé réiteach neamhfhoirmiúil a chur chun cinn a bheadh bunaithe ar theagmháil dhíreach leis an Oifig seo ag céim thuarascáil an Oifigigh Imscrúdaithe, mo chuid réamhthuairimí foirmiúla agus trí húsáid níos fearr a bhaint as bealaí leictreonacha cumarsáide idir m’Oifig, gearánaithe, údarás mhíleata agus sibhialta. Tá sé tugtha faoi deara agam go bhféadfadhl go mbeadh gá leis an gcreat reachtaíochta agus rialála a leasú chun athruithe den sórt sin a bhaint amach. Arís eile tárgim cúnamh foirmiúil nó neamhfhoirmiúil m’Oifig uair ar bith a bhféadfadhl sé cur le réiteach níos luaithe agus níos tapa gearán. Creidim go bhféadfadhl dul i gcomhairle agus idirghníomhú comhaontaithe le m’Oifig ag céim thuarascáil an Oifigigh Imscrúdaithe, ar bhonn foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, ról mór a ghlacadh i réiteach luath gearán. Cuirim fáilte roimh agus táim buíochas as aitheantas an Aire don spéis atá agam i nósanna imeachta a shruthlíníú agus

éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach chun dul chun cinn cásanna a fheabhsú agus as a ghealltanais go leanfaidh a chuid oifigeach agus na húdarás mhíleata ar aghaidh ag obair le m’Oifig i gcaitheamh na bliana atá romhainn chun déileáil leis an tsaincheist sin.

Tá sé riachtanach go mbeadh gearáin maidir le nósanna imeachta riarcháin Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Cosanta fós faoi réir scrúdaithe sheachtraigh ag údarás sibhialta aige neamhspleách agus neamhchlaonta, a bhfuil eolas agus tuiscint ar ábhair den saghas sin agus inniúlacht ina leith. Tá baill d’Óglaigh na hÉireann difriúil le haon aicme eile d’oibrithse seirbhís poiblí. Is saoránaigh iad a ghéill as a dtoil féin do chóras uathúil sa Stát. Géillean saighdiúirí na hÉireann de gach rang, mar ‘saoránaigh i gculaith eide’ as a dtoil féin don dlí míleata, atá déanta suas, ní hamháin de ghnáthdhálithe go léir an Stáit, ach freisin cód dian de smacht mhíleata a ndéantar foráil dó san Acht Cosanta 1954, i Rialacháin Óglaigh na hÉireann, i dTreoracha Riaracháin agus in orduithe daoine os a gcionn, idir orduithe scríofa agus béil. D’fhéadfai pionós a ghearradh as neamhchomhlónadh gné ar bith den dlí míleata. Déantar dlí agus smacht mhíleata a fhorfheidhmiú ag córas dian dlí mhíleata nach féidir a chur i bhfeidhm ach ar chomhlacht ag a bhfuil struchtúr ceannasaíochta. Ar chuínsí uathúla den saghas sin is ceart go mbeadh maoirseacht neamhspleách sibhialta ar ghearáin dílsithe san ODF ag cuid 4 d’Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Bíonn Ardchigire nó Coimisinéir Parlaiminte nó Ombudsman do na Fórsaí Armtha ag an gcuid is mó de thíortha don chuspóir sin.

Faoi réir theorainn ama 12 mhíosa, féadfaidh an tOmbudsman ‘**gníomh**’ a fhiosrú [atá sainithe in Acht 2004 mar rud a chuímsíonn including ‘**mainneachtain... gníomh a ghlacadh nó cinneadh a dhéanamh**’] ag ball seirbheála nó iarbhall Óglaigh na hÉireann, nó ag **státseirbhíseach maidir le comhlónadh fheidhmeanna riarcháin an státseirbhísigh sin sa Roinn Cosanta**, áit a measann an tOmbudsman maidir leis an ngníomh a ndearnadh gearán ina leith go raibh drochthionchar aige nó go bhféadfadhl go mbeadh drochthionchar aige ar ball nó



ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

iarbhall d'Óglaigh na hÉireann agus áit ar féidir nó a bhféadfaí a rá i leith an ghnímh gur glacadh gan údarás ceart é, *gur glacadh ar chuíseanna neamhábhartha é, gur tharla sé mar thoradh ar fhaisnéis mhícheart nó neamhionnlán, go ndearnadh idirdhealú nárbb ceart leis (fiú sa chomhthéacs míleata), go raibh sé bunaithe ar chleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe, nó go raibh sé in aghaidh riaracháin chóra nó stuama ar bhealach eile*, sna cíúsí nárbb ordú a tugadh le linn oibríochta míleata a bhí i gceist leis an ngníomh a ndearnadh gearán ina leith.

Tá 'gníomhartha' áirithe eisiata ag an dlí ó imscrúdú ag an Ombudsman de bhun alt 5 d'Acht 2004, cé go bhféadfadhl go mbeadh an gearánaí go hiomlán i dteideal gearán a dhéanamh fúthu faoin scéim reatha Sásaimh in Éagóracha, de bhrí úsáid an téarma neamhtheoranta "aon ní" in alt 114 den Acht Cosanta. Is iad na gníomhartha atá eisiata ó shainchúram an Ombudsman ná iad siúd a bhfuil imeachtaí dlí i gcúirt shibhialta tionscanta ag an ngearánaí ina leith, gníomhartha a bhí nó atá ina ábhar imscrúdaithe nó pionóis faoin gcód dlí mhíleata, gníomh a bhaineann le hoibríocht slándála nó mhíleata (mar atá sainithe san Acht) nó a mbíonn tionchar aige uirthi, gníomh a bhaineann le téarmaí nó coinníollacha fostáiochta in Óglaigh na hÉireann, lena n-áirítear rátaí luach saothair nó liúntais a chaibidil agus a shocrú, atá laistigh de raon feidhme scéime réitigh agus eadrána a bhfuil tagairt déanta di in alt 2(6) den Acht Cosanta (Leasú) 1990, gníomhartha a bhaineann le heagrú, struchtúr agus imscaradh Óglaigh na hÉireann, gníomhartha a bhaineann le príosúin nó áiteanna coinneála míleata a riar, nó gníomhartha a glacadh roimh an 1 Nollaig 2005.

Bhí Oifig Ombudsman Óglaigh na hÉireann i bhfeidhm ar feadh aon bhliain déag i 2016. Anraíd, mhol mé athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe de na 'gníomhartha' atá eisiata ó mo dhlínse ag Acht 2004, i bhfianaise na taithí go dtí seo. Creidimh gur gá, mar ábhar práinne, soiléiriú a dhéanamh ar theorannacha nó fhairsinge na n-eisiamh reachtúil agus smaoineamh arís an gá ar bhonn míleata nó eile aon cheann díobh nó iad go léir a eisiamh go hiomlán. Chuige sin, arís

cuirim an cheist:

Ar chíunsí áit a bhfuil drochriarachán mar phríomhábhar machnaimh le haghaidh Ombudsman, an ceart aon ghné riaracháin den chuid is mó de na hábhair eisiata a bheith lasmuigh de dhlínse an Ombudsman, nó go deimhin iad go léir?

Smaoinigh ar dhá chás: Ar an gcéad dul síos, féadfaidh ball nó iarbhall ar bith d'Óglaigh na hÉireann gearán a chur isteach maidir le 'haon ní' faoi na forálacha um Shásamh in Éagóracha (SIÉ) in alt 114 den Acht Cosanta. Nuair atá triail bainte as gach féidearthacht faoin bpróiseas SIÉ tá ceart ag an ngearánaí an gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman, a d'fhéadfadhl nach mbeadh aon dhlínse acu an gearán a fhiosrú mar gheall ar na forálacha eisiaimh in alt 5 d'Acht 2004. Arís eile, i bhfianaise taithí, cuirim an cheist shimplí:

An bhfuil gach ceann de na heisaimh faoi Alt 5 riachtanach agus réasúnta ar chíunsí ina bhfuil cumhactaí an ODF ceangailte le moladh neamhcheangailteach don Aire?

Deirtear liom go dtabharfar athbhreithniú Roinne ar forálacha SIÉ chun críche go luath. Tá súil agam go dtabharfar aird chuí san athbhreithniú sin i mo chuid moltaí um chórais fheabhsaithe.

Ar an dara dul síos, féadfaidh iarbhall d'Óglaigh na hÉireann gearán a dhéanamh díreach don Oifig seo faoi 'gníomh' glactha ag státseirbhiseach *maidir le comhlónadh fheidhmeanna riaracháin an státseirbhísigh sin sa Roinn Cosanta*, áit a nach féidir gearán a cheadú faoi na forálacha um Shásamh in Éagóracha in alt 114 den Acht Cosanta, agus áit nach bhfuil foráil déanta sa Roinn Cosanta do nós imeachta inmheánach ar bith um imscrúdú inmheánach gearáin. Chuige sin, arís eile cuirim ceist:


Nach bhfuil sé fiorshoiléir go bhfuil gá le nós imeachta inmheánach um ghearáin sa Roinn Cosanta, chun déileáil le gearán a bhaineann le 'gníomhartha' státseirbhiseach a mbíonn tionchar acu ar bhaill nó iarbhaill Óglaigh na hÉireann agus iad a réiteach go tapa, sula ndéantar achomharc don Oifig seo i gcoinne cinntí den sórt sin?





Gabhairim buiochas leis an Aire as m'aird a tharraingt ar Chairt Chustaiméirí na Roinne. Cuimsíonn sé Nós Imeachta ginearálta um Ghearáin agus Achomhairc, atá foilsithe ar a láithreán gréasáin. Tá téarmaí na cairte breithnithe agam. Is socrú é atá difriúil amach is amach leis an socrú a bhfuil foráil déanta dó sna hiarratais ar réiteach Sásaimh in Éagóracha de bhun an Acht Cosanta agus Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Ní sholáthraíonn scéim gearán na Roinne nasc áit ar bith le dlínse na hOifige seo. Ní chuirtear nós imeachta ar fáil inti um ghearáin ag baill d'Óglaigh na hÉireann maidir le 'gníomh' arna ghlacadh ag státseirbhiseach de chuid na Roinne. Níl aon tagairt ann do mhoill ná toradh neamhfhabhrach a chur faoi bhráid an Ombudsman faoi Acht an Ombudsman 1980 nó chuig an Oifig seo faoi Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Is cosúil go bhfuil Nós Imeachta Gearán agus Achomharc na Roinne dírithe níos mó ar riachtanais an phobail i gcoitinne agus riachtanais státseirbhiseach sa Roinn mar 'chustaiméirí', seachas ar riachtanais ball nó iarbhall d'Óglaigh na hÉireann. Ba cheart go ndéileálfá le gearáin ag baill d'Óglaigh na hÉireann trí nösanna imeachta atá sainithe go soiléir agus ag an leibhéal is ísele agus is féidir agus chomh luath agus is féidir. Tarraingíonn sé sin aird ar an ngá le féachaint ar an easpa socruite den sórt sin agus nösanna imeachta gearáin simplí, éasca le tuiscint a fhorbairt agus a fhoilsiú sa Roinn le haghaidh gearán ag baill d'Óglaigh na hÉireann i gcoinne 'gníomhartha' riarracháin ag státseirbhísigh na Roinne agus nasc acu leis an Oifig seo. Ba cheart de ghnáth go mbeadh ról na hOifige seo teoranta go hathbhreithniú ar an imscrúdú inmheánach ar an ngearán agus ar leordhóthanacht agus thoradh phróiseas gearán na Roinne agus áit is gá moltaí cuí a dhéanamh ina leith don Aire. Cuirim fáilte roimh dhearbhú an Aire, maidir leis na socruite cuí imscrúdaithe le hoifigigh de chuid a Roinne, gurb é '*an bonn tuisceana oibre bunúsach i ngach plé leis an Oifig [m'Oifig féin] na comhar agus bheith sásta cabhrú liom féin le [mo chuid] cúramí.*' Tá m'Oifig sásta tulleadh plé a dhéanamh leis an Roinn, ar leibhéal oriúinach maidir le socruite cuí a fhorbairt chuige sin.

Sa bhreis ar an méid thuasluaithe, sannadh dlínse breise ar m'Oifig de bhun alt 20 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Faoin reachtaíocht sin i leith sceithirí féadfaidh an



tOmbudsman freisin gearán a imscrídú, arna chur faoin bhráid go díreach ag Gearánaí, gur cuireadh pionós air/uirthi, nó gur bagraíodh pionós air/uirthi, de thoradh nochtadh cosanta a dhéanamh faoin Acht, áit nár cuireadh an gearán isteach faoin reachtaíocht um Shásamh in Éagóracha ag Óglaigh na hÉireann. Ar chuínsí íogaire den sórt sin dearbhaím arís go bhfuil fós:

Gá le socruithe cúi um imscrídú a bhunú agus aontú orthu leis an Roinn Cosanta, lena n-áirítear nósanna imeachta um chomhlíonadh na bhforálacha i leith sholáthar fainseise in alt 8 d'Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

De ghnáth, is féidir leis an Oifig seo athbhreithniú a dhéanamh ar gach ‘gníomh riaracháin’ ag na húdaráis mhileata agus ag státseirbhísigh an Roinn Cosanta lena n-áirítear ‘mainneachtain gníomh a ghlacadh nó cinneadh a dhéanamh’, nó ba cheart go mbeadh an Oifig in ann déanamh amhlaidh. Luaim arís an moladh an rinne roimhe seo go ndéileálfáí leis na hábhair seo agus go ndéanfaí soiléiriú orthu in athbhreithniú práinneach ar an reachtaíocht, i.e. an tAcht Cosanta 1954 agus Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Molaim arís, maidir le hathbhreithniú den sórt sin, go smaoineofaí ar ghlacadh beart a chuirfeadh le moill a laghdú agus a bhrostódh próisis SIÉ agus Gearán Óglaigh na hÉireann. Ní mór machnamh go domhain ar sprioc 90 lae um réiteach gearán arna gcur faoi bhráid an ODF, cosúil leis an sprioc atá cuimsithe i dTreoir 2013 an AE i leith Réiteach Malartach Díospóidí (RMD) ar dhíospóidí tomholtóirí. Ba cheart freisin féachaint chuig acmhainní a bheith ar fáil. Bheadh gá déileáil le cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní reatha chun cabhrú leis an sprioc amlíne atá molta a bhaint amach.

In éagmais na hOifice seo mar údarás imscrúdaithe neamhspleách um ghearán ag ball nó iarbhall de chuid Óglaigh na hÉireann, d’fhéadfaí, agus i roinnt cásanna dhéanfaí, plé le gearán den sórt sin trí hAthbhreithniú Breithiúnach san Ard-Chúirt agus bheadh costais dlí móra le híoc ag an ngearánaí agus an Stát dá bharr sin.

Creidim gur ar mhaithe le leas gearánaithe, na n-Údarás Míleata agus an Roinn Cosanta, go ndéileálfáí le

gearáin agus le hábhair imní maidir le nósanna imeachta agus cleachtais riaracháin i struchtúr de chineál Réiteach Malartach Díospóidí (RMD), cosúil leis an gceann a sholáthraíonn an ODF. Ba cheart go gceadódh an córas deachaidrimh idirphearsanta a choimeád agus plé díreach a éascú idir na páirtithe, chun an ‘gníomh’ a ndearnadh gearán ina leith a réiteach áit is féidir. Ag féachaint chuig an méid acmhainní atá ar fáil, creidimh go dtugann Oifig an ODF luach maith ar airgead fós.

Tá Gearánaí a chuireann gearán faoi bhráid an ODF i dteideal bheith ag súil go mbeadh leigheas ar fáil i gcás go seasfaí lena g(h)earán. D’fhéadfadh go mbainfeadh leigheasanna den sórt sin le leithscéal a ghabháil as drochriarachán, le hardú céime, áit i gcúrsa gairme, nó postú nó dualgas áirithe. D’fhéadfadh go mbeadh sé deacair leigheas den sórt sin a chur i bhfeidhm áit a mbeadh deis um ardú céime imithe, a mbeadh cursa tosaithe cheana féin nó críochnaithe go deimhin, nó áit a bhféadfadh go mbeadh túis curtha cheana féin le dualgas áirithe, ar nós dualgais thar lear. I gcásanna den sórt sin, tá an Oifig buíoch as an bhfoighne, an ráedúlacht agus an nglacadh buan leis an bhfírinne a léiríonn baill agus iarbhaill Óglaigh na hÉireann. Tá sé curtha in iúl ag gearánaithe don ODF, d’ainneoin nach raibh leigheas cuí ar fáil i gcásanna áirithe, go raibh siad sásta go ndearnadh a ngearán a imscrídú agus gur seasadh leis agus gur léiríodh go raibh an ceart acu gearán a dhéanamh.

Uaireanta is féidir gurb é is cúis i bpáirt le heaspa leighis oiriúnaigh ná an mhoill ama idir dáta an ‘ghníomh’ a ndearnadh gearán ina leith agus eisiúint Tuarascálacha Deireanacha agus moltaí ag an Oifig seo. Tá na moltaí atá déanta agam thusa ceaptha le cur le laghdú moilleanna nó le deireadh a chur leo. Tá sé mar bheartas agam fós idirghabháil dhíreach agus luath a thairiscint i gcás ar bith áit ar cosúil go bhféadfadh go gcuirfeadh idirghabháil den sórt sin le réiteach níos luithe an ábhair idir na páirtithe. Táim cinnte agus dea-thoil á léiriú i gcónaí chomh maith le malaist eolais fheabhsaithe agus cur chuige oscailte á ghlacadh ag gach páirtí, go bhféadfaí agus go ndéanfaí gearán a réiteach níos luithe ná mar atá amhlaidh go dtí seo, fad is atá leigheasanna oiriúnacha ar fáil fós. Creidim



go dtugann an t-athbhreithniú leanúnach ar an bpróiseas SIÉ deis machnamh géarchúiseach a dhéanamh ar thionscnaimh luath-idirghabhála a chuirfeadh le tortaí níos fearr agus níos tapa.

I dTuarascálacha Blantúla roimhe seo bhí moltaí um athbhreithniú riarrachán agus córasach. Tá sé fós mar fheidhm don ODF monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí sin, tar éis don Aire Cosanta glacadh leo. Gabhaim buíochas leis an Roinn Cosanta as tuairisci rialta a thabhairt dom ón mBuanchoiste ar Shaincheisteanna Beartais do Bhaill Foirne Óglaigh na hÉireann maidir le stádas cur i bhfeidhm na leasuithe a eascraíonn ó mholtáí ODF. I roinnt cásanna, tógann sé ró-fhada na leasuithe a chur i bhfeidhm a bhfuil comhaontú R&E ag teastáil dóibh. I 2016, i dteannta leis an Roinn Cosanta, rinne an ODF iniúchadh ar leasuithe riarrachán agus córasacha nach raibh déanta fós agus aontaíodh, áit ba chuí, ar amscálaí chun tabhairt faoi athbhreithnithe inmheánacha Míleata/Roinne agus chun na leasuithe sin a chur i bhfeidhm. Gabhaim buíochas leis an Roinn Cosanta as a dtacaíocht agus a gcúnamh chuige sin.

I rith 2016, lean an ODF ar aghaidh ag plé leis an Ombudsman Association (OA) – an eagraíocht um Shealbhóirí Oifige Ombudsman agus Láimhseálaí Gearáin san RA agus in Éirinn. Rinneadh athchreidiúnú ar bhallraíocht an ODF ar an OA i 2013/2014 tar éis go ndearnadh athbhreithniú ar gach ball den Chumann. *Chun bonn a chur faoi neamhspleáchas mhol an OA iostreimhse Oifige de chúig bliana le haghaidh Ombudsman.* Tá an moladh sin curtha ar aghaidh agam chuig an Aire. Freisin lean an ODF ar aghaidh mar bhall den International Ombudsman Institute (IOI). Lean an ODF ar aghaidh ag plé leis an International Conference of Ombudsman Institutions for Armed Forces (ICOAF) – grúpa idirnáisiúnta na n-Oifigí Ombudmsan nó Chigireachtaí na bhFórsaí Armtha. Is fóram idirnáisiúnta fíor-ábhartha agus fíorspéisiúil é seo le haghaidh Ombudsmen míleata, a raibh cruinniú aige in Amstardam i 2016. Freisin lean an ODF ar aghaidh ag plé le Fóram Ombudsman na hÉireann. Pléann Fóram na n-Institiúidí Ombudsman in Éirinn, a bunaíodh i mí na Nollag 2013, le hábhair

chomhleasa um Institiúidí Ombudsman in Éirinn, lena n-áirítear plé le Coiste (Coistí) ábhartha Oireachtais. I 2016 chonacthas toradh Chomhaontú 2014 um Ardú Céime NCO tar éis go ndearnadh tuilleadh athbhreithnithe air. Pléadh le saincheisteanna a bhí mar ábhar gearáin don Oifige seo maidir le Comhaontú 2012. Is cosúil anois go mbíonn glacadh níos mó i measc bhaill Óglaigh na hÉireann le measúnuithe bunaithe ar inniúlacht. Leanadh ar aghaidh ag líonadh folúntas um ardú céime OCN ó na painéis a bhí bunaithe ar leibhéal náisiúnta agus ar ndóigh bhí díomá ar iarrthóirí nár éirigh leo. Cé gur chuir córas ardaithe céime 2012 le gluaiseacht suas sna gearáin ar tugadh fógra don Oifig seo fúthu, ní cosúil go raibh tionchar chomh mór ag socruithe athbhreithnithe 2014 ar lón na ngearán don Oifig seo.

Mar chonclúid, gabhaim buíochas leis an Aire as tabhairt faoi thionscnamh chun déileáil le ceist an ionchais ghairme nach bhfioráitear mar cheist bheartas AD d'Óglaigh na hÉireann, mar a moladh sa tuarascáil dheireanach agam. Tá síul agam go n-éireoidh le forbairt Chreat Comhtháite Inniúlachta Óglaigh na hÉireann ar fud gach ranga déileáil le hionchas gairme réadúil a láimhseáil.

Patrick Anthony McCourt
An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann



ODF
Tuarascáil Bhliantúil 2016





2

Buaicphointí 2016

82

Fuarthas 82 Fhógra Gearáin i 2016, a raibh ina measc 1 fhógra a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman go díreach ag iarbhalla Óglaigh na hÉireann. Tháinig laghdú 26% ar na 111 fógra a fuarthas i 2015.

67

Fuarthas 67 Fógra Ghearáin i leith Saighdiúirí Singile agus OCNanna agus 15 i leith Oifigigh.

137

Bhí 137 cás san ionlán á n-athbhreithniú ag an ODF i rith 2016. Is ionann sin agus méadú 3.8% i gcomparáid leis na 132 cás a bhí á n-athbhreithniú i 2015.

35%

Laghdú 35% ar ghearáin ó bhuaicphoiste de 127 i 2012.

22

Cuireadh 22 chás nua faoi bhráid an ODF i 2016. Áirítear leo siúd 1 chás a cuireadh faoi bhráid na hOifige seo go díreach. Is ionann agus laghdú mór de 31% i gcomparáid leis na 32 chás nua a cuireadh faoi bhráid an ODF i 2015.

24

Tháinig an ODF ar chonclúid dheireanach le haghaidh 24 chás i rith 2016. Ina theannta sin, eisfodh Réamh-thuarascálacha i 6 chás a bhí fós faoi áthbhreithniú le linn na bliana 2016.

113

Bhí 113 cás fós á n-athbhreithniú ag an ODF ar an 31 Nollaig 2016, laghdú beag de 2 ón 1 Eanáir 2016.





3

Anailís ar Ghearáin & Achomhairc - 2016

Fógraí Gearáin

Fuair m'Ofiug 81 Fhógra Gearáin ó Óglaigh na hÉireann i rith 2016, agus leis an 1 ghearáin a cuireadh faoinár mbráid go díreach, 82 fhógra san iomlán a bhí i gceist. Is ionann sin agus laghdú 26% ar na 111 ghearáin ar tugadh fógra do m'Ofiug fúthu i 2015. As na gearáin sin, tháinig 67 gcinn díobh ó bhaill seirbheála nó ó iarbhaill ó ranganna eile agus tháinig 15 ghearáin ó ofiugigh choimisiúnaithe seirbheála nó ó iaroifigigh choimisiúnaithe.


As na Fógraí a fuarthas i rith 2016, tarraingíodh siar nó réitíodh 40 ceann le linn na bliana agus cuireadh 12 cheann faoi bhráid an ODF le himscrídú. Freisin cuireadh 10 ngearán eile, ar tugadh fógra fúthu i 2015, faoi bhráid an ODF le himscrídú i rith 2016.

Freisin bhí teaghmáil dhíreach ag baill d'Óglaigh na

hÉireann agus baill den phobal leis an ODF in 87 gcás maidir le fiosruithe, ábhair imní nó iarratais eolais. Freisin go leor uaireanta tharla teaghmáil dhíreach idir an ODF agus na hÚdaráis Mhíleata agus baill aonair i dtaobh cásanna aonair, ach ní dhéantar taifead ar theaghmáil den saghas sin le haghaidh cuspóirí staitistiúla.

Cásanna curtha faoi bhráid an ODF go díreach

Ní mór do bhaill seirbheála de na Buan-Óglaigh agus de na hÓglaigh Chúltaca a gcuid gearán a phróiseáil ar dtús tríd an nós imeachta reachtúil um Shásamh in Éagóra (alt 114 den Acht Cosanta 1954) agus triail a bhaint as próiseas inmhéanach Óglaigh na hÉireann sula gcuireann siad a ngearán faoi bhráid na hOifige. Féadfaidh iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann a gcuid gearán a chur faoi bhráid na hOifige seo go díreach, faoi réir





cheangaltais Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Níor cuireadh ach 1 gheárán amháin faoi bhráid na hOifige seo go díreach i 2016. Is ionann sin agus laghdú ó na 3 gheárán a cuireadh faoinár mbráid go díreach i 2014 agus 2015. Tháinig an gearán ó iarófigeach coimisiúnaithe.

Cásanna athbhreithnithe ag an ODF i 2016

Ar an 1 Eanáir 2016, tugadh 115 chás a bhí á n-athbhreithniú ar aghaidh ag an Oifig seo. I rith 2016 fuair an Oifig seo 22 chás nua. Ba é líon iomlán na gcásanna a bhí á n-athbhreithniú ag an Oifig seo i rith 2016 ná 137. Astu siúd, tagadh ar chonclúid dheireanach maidir le 24 chás i rith 2016. Bhí 113 cás fós á n-athbhreithniú ar an 31 Nollaig 2016 agus tugadh ar aghaidh iad le breithniú i 2017. Is ionann sin agus méadú beag ón líon a tugadh ar aghaidh ó 2015 agus méadú 13% ó líon na gcásanna a tugadh ar aghaidh ó 2014.

Sonraí faoi Ghearáin a ndearna an ODF a Imscrúdú i 2016

Sna Táblaí seo a leanas leagtar amach na cineálacha gearáin a ndearna an Oifig seo a bhreithniú i rith 2016 chomh maith le sonraí faoi ghearáin de réir




eagair mhíleata. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuimsíonn gearáin atá curtha sa chatagóir ‘Drochriarachán’ saincheisteanna éagsúla lena n-áirítear gearáin i dtaobh mheasúnú feidhmíochta agus saincheisteanna maidir le briseadh as post chomh maith le cinn eile nach iad. I measc gearán atá curtha sa chatagóir ‘Saincheisteanna Idirphearsanta’ tá gearáin inar cosúil go bhfuil gnéithe de choimhlint phearsantachta, iompar míchuí nó bulaíocht líomhanta.

Iomlán na gCásanna 2016

Sa tábla seo a leanas tugtar achoimre ar dhul chun na 137 cáis i rith 2016 –

Réamh-Imscrúdú ar Siúl	Réamh-Imscrúdú Déanta agus Tuarascáil Eisithe	Tuarascáil Dheireanach Eisithe
107 (78%)	6 (4.5%)	24 (17.5%)




- █ Réamh-Imscrúdú ar Siúl
- █ Réamh-Imscrúdú Déanta agus Tuarascáil Eisithe
- █ Tuarascáil Dheireanach Eisithe



Cásanna de réir Eagair Mhíleata

As na 137 cás a bhí idir lámha i rith na bliana, tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar lón na gcásanna a tháinig chun cinn i ngach Eagar Míleata.


1ú Briogáid	2ú Briogáid	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann	Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann	An tAerchór	An tSeirbhís Chabhlaigh	Iomlán
23 (17%)	39 (28.5%)	7 (5%)	15 (11%)	35 (25.5%)	18 (13%)	137



Nádúr na gCásanna

Is féidir nádúr na gcásanna a bhí idir lámha ag an ODF i rith 2016 a mhiondealú sna catagóirí leithne seo a leanas –

Drochriarachán	Gan Roghnú um Ardú Céime	Gan Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Gan roghnú i gcomhair Seirbhíse Thar Lear nó Postaithe Ar Leith
46 (34%)	56 (41%)	12 (8%)	5 (4%)	18 (13%)






Sonraí faoi Chásanna de réir Eagair

Sna táblaí agus cairteacha seo a leanas tugtar sonraí faoi nádúr na gcásanna idir lámha i rith 2016 de réir Eagar Míleata aonair –

1ú Briogáid – (23)


Drochriarachán	Gan Roghnú um Ardú Céime	Gan Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Gan roghnú i gcomhair Seirbhísé Thar Lear nó Postaithe Ar Leith
7 (31.5%)	10 (42.5%)	1 (4.5%)	1 (4.5%)	4 (17%)



- █ Drochriarachán
- █ Gan Roghnú um Ardú Céime
- █ Gan Roghnú do Chúrsa Gairme
- █ Saincheisteanna Idirphearsanta
- █ Gan roghnú i gcomhair Seirbhísé Thar Lear nó Postaithe Ar Leith

2ú Briogáid – (39)

Drochriarachán	Gan Roghnú um Ardú Céime	Gan Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Gan roghnú i gcomhair Seirbhísé Thar Lear nó Postaithe Ar Leith
11 (28.5%)	13 (33.5%)	8 (16%)	2 (6%)	5 (16%)




- █ Drochriarachán
- █ Gan Roghnú um Ardú Céime
- █ Gan Roghnú do Chúrsa Gairme
- █ Saincheisteanna Idirphearsanta
- █ Gan roghnú i gcomhair Seirbhísé Thar Lear nó Postaithe Ar Leith




Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann – (7)

Drochriarachán	Gan Roghnú um Ardú Céime	Gan Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Gan roghnú i gcomhair Seirbhíse Thar Lear nó Postaithe Ar Leith
2 (29%)	4 (56.5%)		1 (14.5%)	



Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann – (15)

Drochriarachán	Gan Roghnú um Ardú Céime	Gan Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Gan roghnú i gcomhair Seirbhíse Thar Lear nó Postaithe Ar Leith
4 (27%)	5 (33%)	1 (7%)		5 (33%)






An tAerchór- (35)

Drochriarachán	Gan Roghnú um Ardú Céime	Gan Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Gan roghnú i gcomhair Seirbhíse Thar Lear nó Postaithe Ar Leith
18 (52%)	9 (25.5%)	3 (9%)	2 (4.5%)	3 (9%)



An tSeirbhís Chabhlaigh- (18)

Drochriarachán	Gan Roghnú um Ardú Céime	Gan Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Gan roghnú i gcomhair Seirbhíse Thar Lear nó Postaithe Ar Leith
4 (22%)	14 (78%)			






Moltaí an ODF

Sheas an ODF leis an nGearán	Níor sheas an ODF leis an nGearán	Sheas an ODF leis an nGearán i bpáirt **
2	5*	17

* Tá 2 gheárán laistigh de théarmaí tagartha an ODF san áireamh.

** Is é atá i ngearáin ar seasadh leo i bpáirt ná gearán áit nár sheas an ODF le cás gearánaí, ach go ndearna sé moltaí um athruithe riarracháin nó córais ar chuínsí áit arbh chosúil gur chuir nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm le bunús an gheárán.



Freagra an Aire ar Mholadh an ODF

Glacann an tAire leis	Ní Ghlacann an tAire leis
20	1



Tabhair faoi deara: Ní bhfuarthas freagra ón Aire i dtaobh 2 gheárán. Sheas an ODF leis na gearáin sin. Táthar ag feitheamh le freagra sna cásanna sin le tuairim is 10 mí.





4 Achoimrí Cáis

Sna hachoirí cáis seo a leanas tugtar sonraí faoi roinnt cásanna a ndearna Ombudsman Óglaigh na hÉireann a imscrídú i rith 2016.

Achoimre Cáis 1

Comórtas ardaithe céime - Gearánaí eisiata toisc nach ndearnadh cursa C&S - Níorbh iad an gearánaí a bhí freagrach as sin – Ligeadh d’iarrthóirí roimhe sin dul san iomaíocht cé nach ndearna siad an cursa – Rogha COS maidir le socrú go raibh “caighdeán sásúil bainte amach ag iarrthóirí ar bhealach eile gan cursa a dhéanamh – Ionchás Dlisteanach – Treoir Riaracháin A 15 (2005), alt 25 agus 25a – Aguisín A don Nós Imeachta Riaracháin 07/10 dátaithe an 10 Márta 2011

Fionnachtain i leith an Ghearáin: Seasadh i bpáirt leis an nGearán

Tháinig an gearán chun cinn tar éis gur eisíodh an Gearánaí ó chomórtas ardaithe céime um oifigeach sinsearach. Measadh nach raibh an Gearánaí incháilithe don chomórtas toisc nach raibh cursa Ceannais agus Foirne (Command and Staff/C&S) déanta aige faoin am a reáchtáladh an comórtas. Mar a tharla sé, bhí an Gearánaí ag tabhairt faoin gcúrsa C&S aimsir an chomórtais agus ní raibh ach cúpla seachtaí fágtha go mbeadh sé críochnaithe aige faoin am a rinneadh na hagallaimh. Ghlac an Óglaigh na hÉireann leis gur séanadh áit ar chúrsaí roimhe sin ar chuíseanna nach raibh neart aige agus le linn an imscrúdaithe thug an COS faoi deara “mí-ámharach ach go háirithe, agus gan locht ar bith air féin, nach raibh sé cáilithe le páirt a ghlacadh sa chomórtas um ardú céime.” Cúis eile go raibh an Gearánaí míshásta, ná mar gheall ar a aois agus dinimic na mball foirne seirbheála, gurbh dócha gurbh é sin an seans deireanach a bhí aige dul san iomaíocht don ardú céime a bhí i gceist.

Ba é an príomhghearán a bhí ag an nGearánaí ná gur ceadaíodh d’iarrthóirí roimhe dul san iomaíocht don ardú céime a bhí i gceist gan cursa

C&S a bhí déanta acu de bhun iad a bheith deimhnithe ag an COS, mar “caighdeán sásúil a bheith bainte amach acu ar bhealach eile.”

Fuarthas san IMO gurbh fhíor gur tharla sé sin agus gur roghnaíodh iarrthóir rathúil roimhe sin le páirt a ghlacadh sa chomórtas um ardú céime a bheith déanta acu agus ansin gur chríochnaigh siad an cursa sular tugadh ardú céime dóibh.

Fuarthas freisin san IMO gur thug ríomhphost ó DHRMS le fios go raibh foráil déanta le haghaidh na grítear cáilitheach um ardú céime a bhí i gceist in alt 25 Treoir Riaracháin A 15 (2005) agus go raibh sé ina cheangal cursa C&S a dhéanamh. Ina imscrúdú, áfach, thug an ODF faoi deara nach raibh aon tagairt do na critéir incháilitheachta a raibh foráil déanta dóibh in alt 25a de Threoir Riaracháin A 15 arbh chosúil gur ceadaíodh ann deimhniú ag an COS in ionad an cursa a dhéanamh. Thug an ODF faoi deara freisin sa Chiorclán Riaracháin 07/10, dátaithe an 10 Márta 2011 a d’éisigh an DCOS, gur ceadaíodh freisin do dheimhniú malartach ag an COS áit nach mbeadh an cursa C&S críochnaithe.





ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Thug an ODF faoi deara nár bh cosúil go raibh aon sainmhíniú ar, ná treoir maidir le ‘caighdeán sásúil’, agus nár sonraíodh aon nós imeachta sa DFR ná sa Treoir Riaracháin don iarratas ar an deimhniú sin, nó do bhaint amach an deimhnithe, ag iarrthóir féideartha a mbeadh deimhniú den saghas sin ag teastáil uathu. Cé gur tugadh le tuiscint sa DHRMS go ndeachaigh Comhaontú Ardaithe Céime 2005 in ionad fasach roimhe sin um dhíolmhú a eisíodh ardú céime gan an cúrsa C&S, thug an ODF faoi deara go ndearnadh foráil fós sa dara comhaontú um dheimhniú roghnach. Thug an ODF faoi deara áfach, nár bh inniúil é locht a fháil ar chinneadh COS deimhniú den sórt sin chun sonrú go raibh ‘caighdeán sásúil’ bainte amach an nGearánaí a tharraingt siar nár a eisiúint. Agus é sin ráite, ba chosúil don ODF gur sonraíodh go láidir ag cleachtas fóntha riarcháin gurbh ceart an cás a chur os comhair an COS ionas go bhféadfadh sé cinneadh eolach a dhéanamh ina leith. Sa chás sin ba chosúil nár iarradh ar an COS a bhí ann ag an am sin ag an DCOS rogha a ghlacadh i dtaoibh an Ghearánaí, d’ainneoin gur moladh sin ag GOC an Ghearánaí. Ba chosúil gur tarraigíodh aird an DCOS (Sp) ar GOC an Eagair agus nár mheas an DCOS gurbh chuí aird an COS a tharraingt air.

D’aitigh an Gearánaí go raibh ionchas dlísteannach aige go gcuircí san áireamh i gcomórtas 2011 é toisc gur chreid sé go raibh fasaigh a bhain le comórtais roimhe sin fós ar marthain. Cé gur ghlac an ODF le macántacht a chreideamh chuíge sin, fuair an ODF nár chuir na creidimh ná na dearbhuithe sin aon teorainn nár sriain ar raon feidhme an rogha a bhí ar fáil don COS ná dá DCOS (Sp) a bhí ag gníomhú le húdarás uaidh nár thar a cheann.

Thug an ODF faoi deara freisin fiú dá mba amhlaidh nár measadh go mbeadh an Gearánaí incháilthe chun dul san iomaíocht don ardú céime a bhí i gceist, gurbh cosúil go mbronnfaí líon marcanna i bhfad níos lú ar an nGearánaí nár mar a bronnadh ar an mbeirt iarrthóirí eile. Cé gur chinn an ODF nach ndearnadh éagóir ar an nGearánaí, mhól sé agus cinntí a dhéanamh ina dhiadh sin maidir le hincháilitheacht do chomórtas áit nach mbeadh an cinneadh arna ghlacadh i bhfabhar an ghearánaí go ndéanfaí na

cúiseanna leis an gcinneadh sin a thaifeadadh ann. B’fhearr dá ndéanfaí sin sa chás seo. D’ainneoin sin ní fhéadfadh an ODF locht a fháil ar chinneadh ag údarás míleata a raibh údarás cuí acu agus iad ag cleachtadh údaráis roghnaigh chun deimhniú nár gan deimhniú go raibh “caighdeán sásúil bainte amach ar bhealach eile” ag iarratasóir um ardú céime faoi leith in éagmais *male fides* nár cúis dhóthanach eile a sonraíodh.

Bhí an ODF den tuairim freisin go raibh agus go bhféadfadh go raibh fós easpa soiléire maidir le paraíméadar raon feidhme agus an cleachtas agus na nósanna imeachta le leanúint chun an rogha a bhí ar fáil don COS a chleachtadh. Mhol an ODF foráil a dhéanamh do shoiléire maidir le cleachtadh an údaráis roghnaigh amach anseo agus go molfaí do na húdaráis mhíleata agus roinne, agus machnamh ar bith á dhéanamh ar an raon feidhme agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an rogha sin, aird chuí a thabhairt ar chodanna ábhartha de bhreithiúnas an Breitheamh Onórach Eagar sa chás Ard-Chúirte Byrne v. An tAire Cosanta & Ors [2016] IEHC 464, mar a tugadh ar an 25 Iúil 2016.





Achoimre Cás 2

‘Ardú Céime Tréimhse Seasta’ um ‘Oifigigh Innealtóra Iontrála Díri’ – Coinníollacha Scríofa - DFR A 15 ‘ardú céime tréimhse seasta’ go Captaen tar éis 3 bliana agus go Ceannasaí tar éis 9 m bliana eile – Moratóir Rialtais ar Ardú Céime – Moill le hArdú Céime go Captaen – Níor cuireadh an Gearánaí ar an eolas faoi neamhardú céime nó gurbh í an chúis leis sin ná ‘cleachtas riachán neamh-inmhianaithe’ agus ‘riarachán míchóir agus éagórách – Ionchas réasúnta go ndéanfadh an tAire DFR A15 a leasú agus go dtabharfaí fógra do gach ball foirne ‘ar bhealach eile i gcoinne riachán chórá nó fhóntha’ - Ríomh ama um arú céime go Ceannasaí ‘idirdhealaitheach agus míchóir’ – bhí an bealach ina ndearnadh an moladh míleata um ardú céime a riad ag an Roinn Cosanta míshásúil agus ‘i gcoinne riachán chórá nó fhóntha’ - alt 6(3) d’Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 tógha san áireamh (teorannacha ama dlínse) a.5(1)(d)(i) d’Acht 2004 tógha san áireamh (ábhar dlínse maidir le téarmaí agus coinníollacha fostáiochta) – cibé an raibh cur i bhfeidhm nó riad cóir agus fónta téarmaí agus coinníollacha laistigh de dhlinse an ODF.

Fionnachtain i leith an Ghearáin: Seasadh leis an nGearán

Rinneadh an Gearánaí a choimisiúnú mar ‘Oifigeach Innealtóra Iontrálai Díri’ sa rang Lt. ar an 29 Márta 2006. Bhí sé mar choinníoll scríofa dá cheapachán go raibh, faoi réir théarmaí Rialacháin Óglaigh na hÉireann, ardú céime ó Lt. go Capt dearbhaithe tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil sa rang Lt; agus ó Capt go Ceannasaí tar éis 9 m bliana de sheirbhís shásúil sa rang Capt. Ar an 21 Márta 2009, bhí an Gearánaí sa rang A/Capt. Chomhlónan Gearánaí na ceanglais go léir um ardú céime tréimhse seasta atá cuimsithe i DFR A 15 alt 8(4)(b), agus ar an 26 Márta 2009, bhí na réamhcheanglais riachán go léir comhlíonta ag na hÚdarás Mhíleata agus cuireadh an obair pháipéir riachtanach go léir ar aghaidh chuig an Roinn Cosanta (‘an Roinn’) chun ardú céime an Ghearánaí ar an 29 Márta 2009 a cheadú. Ar an 27 Márta 2009, áfach, d’fhogair an Rialtas ‘moratóir’ ar Earcaíoch agus Arduithe Céime sa tSeirbhís Phoiblí go dtí deireadh 2010, nár bh ‘láncosc’ é ach faoi réir ‘eisceachtaí a thagann [a thiocfadh] chun cinn ar chuínsí fíortheoranta’ le ‘cead roimh ré ón Aire Cosanta’, arbh eisceachtaí iad a ceadaíodh i go leor cásanna eile. Níor tugadh ardú céime don Ghearánaí ar an dáta dlite, agus nuair cuireadh ar a eolas é faoi sin ná faoi chuínsí ar bith nár tugadh an t-ardú céime. Ní raibh aon fhianaise ar leasú ar choinníollacha scríofa ceapacháin an Ghearánaí ná DFR A 15 alt 8(4) (b), roimh dháta dlite a ardú céime. Nuair a d’fhill sé ó sheirbhís thar lear, i mí Dheireadh Fómhair 2009, d’ainneoin go leor fiosruithe tríd an struchtúr ceannasaíochta míleata, ní raibh an Gearánaí in ann a dhearbhú cathain a thabharfaí feidhm dá ‘ardú céime tréimhse seasta’. Ina iarratas SIÉ ar an 1 Márta 2010 líomhnaíodh ‘gur baineadh a cheart chun ardú céime tréimhse seasta’ agus ‘gur mhainnígh na [húdaráis mhíleata] agus/nó

[státseirbhíseach/státseirbhísigh] na Roinne a ardú céime chun rang Captaein a mholadh/feidhm a thabhairt dó’.

D’iarr an Gearánaí mar shásamh:

- Ardú céime chun rang Captaein
- Aisíoc luach saothair a cailleadh ón 29 Márta 2009 nuair a bhí a ardú céime tréimhse seasta dlite.
- Creidmheas as “seirbhís i rang Captaein” ón 29 Márta 2009 chun déanamh cinnte nach rachfaí i bhfeidhm ar a ardú céime tréimhse seasta ó Chaptæn go Ceannasaí.

Ar an 23 Nollaig 2010, sula ndeachaigh an ‘mhoratóir’ bheartaithe’ in éag, tugadh ardú céime go Captaen don Ghearánaí. Rialaigh an COS nach ndearnadh éagóir ar an nGearánaí agus cuireadh an comhad faoi bhráid an ODF ar an 21 Márta 2011. Cé nár tugadh aon eolais maidir le haon ghníomh a ghlacadh chun feidhm a thabhairt d’ardú céime an Ghearánaí, rinneadh leasuithe ar an ‘scéim’ ina dhiaidh sin maidir leis an ‘Ardú Céime Tréimhse Seasta’ le haghaidh ‘Oifigigh Innealtóra Iontrála Díri.’ Bhí na leasuithe sin cuimsithe i CCR Uimh. 447 i Samhain 2011 agus i CCR Uimh. 476 i Meán Fómhair 2015, inar dearbhaíodh go leanfadh ‘Arduithe Céime Tréimhse Seasta’ ar aghaidh i gcomhréir le DFR A 15 áit a molfaí an duine aonair um ardú céime ag an gCeann Foirne; agus go mbeadh éifeacht ag an ardú ó céime ó dháta sínithe an Aire Cosanta.

Maidir le hardú céime an Ghearánaí go Ceannasaí, d’áitigh Óglaigh na hÉireann go dtiocfadh an Gearánaí chun bheith cáilithe um ardú céime go Ceannasaí ar an



ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

23 Nollaig 2019, seachas an 29 Mártá 2018: agus an chéad dáta ag cur as an áireamh a chuid seirbhíse le linn na ‘moratórá’ – seasamh ar easaontaigh an Gearánaí go mór leis. Líomhain an Gearánaí ‘idirdhealú’, áit, faoi CCR Uimh. 476, gur cuireadh dátaí ardaithe céime don todhchaí le haghaidh roint oifigeach siar don dáta ardaithe céime tosaigh, cé nach ndearnadh an rud céanna i gcás oifigeach eile, an gearánaí ina measc. Áit, i gcásanna cosúla, gur sheas breithneoir agus an Ard-Chúirt le líomhain den saghas sin, chuir an ODF an ghné sin den gheárán faoi bhráid an Aire, áit nach raibh aon chás *prima facie* go ‘ndearnadh idirdhealú éagórách i gcoinne an Ghearánaí i gcomparáid le hoifigigh eile’. Anuas air sin d’iarr an Gearánaí go nglacfadh an Roinn le réamhfhionnachtana an ODF i dtaobh a ghearáin agus go dtabharfaí creidiúint dó dá chuid ama sa rang Captaen ionas nach mbeadh éifeacht aige ar a ardú céime go Ceannasaí, ar cheart, dar leis, go dtarlódh sé ar an 29 Mártá 2018, seachas ar an 23 Nollaig 2019. D’iarr sé freisin go ndéanfaí téarmaí CCR Uimh. 476 a leasú chun an t-athrú sin a léiriú.

Agus é ag déileáil leis an ngearán, tugadh faoi deara nár cuireadh aon gheárán i dtaobh ‘gníomhartha’ státseirbhísigh na Roinne faoi bhráid an ODF roimhe sin, agus mar sin go raibh an ODF ag déileáil le hábhar nua. Bhí inní ar an Roinn gur bhain an gearán le hábhar a bhí eisíata ó raon feidhme an ODF ag alt 5(1)(d)(i) d’Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, toisc gur gearán é a faoi ‘ábhar a bhaineann le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta in Óglaigh na hÉireann... Ghlac ODF le dlínse an gheárán, agus d’admhaigh sé cé go nach raibh substaint ‘théarmaí ná coinníollacha’ fostaíochta a rialáinn fostaíocht oscailte dó le ceistiú, go bhféadfadh sé scrúdú cibé acu an ndearnadh iad a riarnó a chur i bhfeidhm le húdarás, go cóir, ar bhealach nach raibh idirdhealaitheach, agus a bhí fóna ó thaobh riaracháin. Mhol sé athbhreithniú a dhéanamh ar Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 chun déanamh cinnte agus déanamh cinnte go dtagann aon ábhar a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar d’iarratas SIÉ laistigh de dhlínse an ODF le breithniú agus le moladh a dhéanamh don Aire ina leith. Cé gur cuireadh an gearán faoi bhráid an ODF lasmuigh de na teorannacha ama reachtúla chun é a dhéanamh, chinn sé gur tharla an mhoill mar gheall ar easpa gnímh ag na húdarás mhíleata agus nach raibh aon neart ag an nGearánaí air, agus mar sin ghlac sé le dlínse. Mhol sé go dtabharfaí rogha reachtúil d’Oifig an Ombudsman glacadh le dlínse áit a measann sé gur

‘le leas na seirbhíse déanamh amhlaidh’.

Dúirt an ODF gur mheas sé go raibh coimhlint idir an ‘mhoratóir’ agus DFR A 15, agus ar mhaithe le ‘riarachán cóir agus fóna’ nár bhí mór don Aire scrúdú a dhéanamh in éineacht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), teorannacha na n-eisceachtaí atá ar fáil dó i dtaobh an ardaithe céime a bhí ‘dearbhaithe’ roimhe sin, agus, ar an dul síos cibé acu nár bhí fhéidir a ardú céime ‘mar ardú céime dearbhaithe’ a bhaint amach mar gheall ar an ‘moratóir’, leasú láithreach ar DFR A15 alt 8(4)(b), chun na teidlíochtaí ardaithe céime a cháiliú a ndéanfar foráil dóibh ann i bhfianaise chinneadh an Rialtais, agus ar an tríú dul síos, soláthar pras eolais chuí don Ghearánaí chuige sin ag gach céim. Dar leis an ODF, ós rud é nár cleachtadh ceann ar bith de na roghanna éagsúla a bhí ar fáil agus nach ndearnadh ná nár eisíodh cinneadh ina leith sin agus gur mainníodh an Gearánaí a choimeád ar a eolas, bhí ‘cleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe’ agus ‘riarachán éagórách agus neamhfhóna i gceist.’

Ós rud é go mbeadh éifeacht ag an ‘moratóir’ ar gach fostáí seirbhíse poiblí, bhí an ODF den tuairim go bhféadfai a bheith ag suíl go réasúnta go ndéanfadh an Roinn leasú láithreach ar fhórálacha rialála reatha an chreat ardaithe céime le haghaidh oifigeach (agus fear) ó Óglaigh na hÉireann agus go dtabharfaí fógra do gach ball foirne, agus ní hamháin na Cumainn Ionadaíocha, faoi aon athruithe ar na creata ardaithe céime, lena n-áirítear tagairt do na socruite um ‘eisceachtaí’. Mheas an ODF go raibh an mhainneachtain céimeanna práinneacha a ghlacadh le soiléiriú a dhéanamh ar shaincheist a bhí chomh tábhachtach sin do bhaill foirne míleata seirbheála ‘i gcoinne riaracháin chórá nó fhóna’. Mura dtarraingeofaí aird an DPER ar an bhforáil um ardú céime ‘dearbhaithe’ nó ‘éigeantach’ in alt 8(4)(b) de DFR A 15, i gcodarsnacht leis na forálacha ‘roghnacha’ um ardú céime a ndearnadh foráil dóibh in ailt eile, nuair a iarradh cead nó ar cheart gur iarradh cead um ‘eisceachtaí’ chun ardú céime a thabhairt don Ghearánaí, ansin bheadh an gníomh sin freisin ‘éagórách don Ghearánaí’ agus ‘i gcoinne riaracháin chórá agus fhóna’ – níor chuir an Roinn aon eolas ar fáil chuige sin.

Bhí ODF den tuairim go raibh an bealach ina ndearna na hÚdarás Mhíleata plé leis an tsaincheist sin suas go dtí a mholadh le haghaidh ‘ardú céime tréimhse seasta’ an Ghearánaí ar aon dul leis an gcreat ardaithe céime





DF
Tuarascáil Bhliantúil 2016





ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

d'oifigigh Óglaigh na hÉireann. Ní raibh an gníomh míleata faoi réir na 'moratóra' nó ní raibh tionchar aige air mar gur tugadh chun críche é sular fógraíodh an 'mhoratóir', agus mar sin, níor sheas an ODF le hiarratas SIÉ i dtaobh mainneachtana líomhanta aon Údarás Mhíleata maidir lena 'ardú céime tréimhse seasta' a bhí dlite ar an 29 Mártá 2009.

In éagmais míniúcháin iomlán shásúil ar aon 'gníomh(artha)' glactha ar leibhéal Roinne, ní raibh aon rogha ag an ODF ach teacht ar an gconclúid go raibh an bealach ina ndearna státseirbhíseach (státseirbhísigh) ón Roinn alt 8(4)(b) de DFR A 15 a riad, míshásúil sa mhéid is go raibh sé 'i gcoinne riarchán chóra nó fhóntha'.

Ba é tuairim an ODF maidir leis na mainneachtana:

- (1) cur in iúl don Ghearánaí nach raibh an t-ardú céime a raibh sé ag suíl leis ar an 29 Mártá 2009 le tarlú;
- (2) cúiseanna a thabhairt dó don mhainneachtain ardú céime a thabhairt dóibh de bhun na dteidlíochtaí a bhí aige faoi alt 8(4)(b) de DFR A 15; agus
- (3) é a choimeád ar an eolas faoi aon ghníomh molta nó glactha de bhun fhórálacha na moratóra um 'eisceachta'

go raibh drochthionchar acu ar an nGearánaí. Mar gheall ar na mainneachtana sin rinneadh níos measa aon mhainneachtain 'riarchán' roimhe sin agus bhí siad *i gcoinne riarchán chóra nó fhóntha* ag an Roinn agus ag na hÚdarás Mhíleata, cé nár bh a oiread céanna é.

Cé nár tugadh aon eolas chuige sin, bhí ODF den tuairim dá mba amhlaidh gur déileáladh ar bhealach níos diúltá leis an nGearánaí, in aon aighneacht(aí) 'eisceachta' um ardú céime ag an Roinn chuig an DPER, i gcomparáid le haon '*Oifigeach Iontrála Díri*' eile a raibh teidlíochtaí um 'ardú céime tréimhse seasta' acu faoi DFR A 15 nó i gcomparáid le haon '*Oifigeach Seirbhise Speisialta*' eile, nó aon oifigeach eile a moladh um ardú céime de bhun fhórálacha 'roghnacha' DFR A 15, go bhféadadh go mbeadh na gníomhartha sin freisin '*idirdhealaithreach go míchuí*'.

Cé go ndearnadh nó gur aontaíodh ar roinnt athruithe i CCRanna deireanacha, agus gur leasaíodh an DFR, is cosúil nach bhfuil feidhm ag na leasuithe sin ach d'aicme dhifriúil d'oifigeach seirbhéála seachas aicme an Ghearánaí agus d'oifigigh na haicme sin amach anseo. Is cosúil don ODF nár leasaíodh teidlíochtaí

rialála an Ghearánaí do 'Ardú Céime Tréimhse Seasta', a bhfuil foráil déanta dóibh in alt 8(4)(b) de DFR A 15, ón am a ndearnadh é a choimisiúnú anuas go dtí an t-am seo.

Ós rud é go raibh sé beartaithe 'ardú céime tréimhse seasta' ina dhiaidh sin don Ghearánaí a chur siar faoi 21 mhí, mar thoradh is dócha ar an moratóir nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, ba chosúil don ODF, agus cüinsí áirithe an Ghearánaí tógtha san áireamh, gur tugadh le fios go raibh sé beartaithe bheith *éagórách agus idirdhealaithreach go míchuí* araon don Ghearánaí amach anseo.

Ba chosúil nach raibh an fhóráil chomhaontaithe CCR Uimh. 476 ina bhforáiltear go mbeidh '*éifeacht ag arduithe céime ó dháta sínithe an Aire Cosanta*' ag teacht le halt 51(3) den Acht Cosanta ina ndearnadh foráil go mbeidh "*éifeacht ag ardú céime oifigigh ó pé dáta a shocrós an tAire*". Bhí ODF den tuairim nach féidir leis an CCR srian a chur ar rogha reachtúil an Aire, agus mhol sé go dtabharfadadh an tAire treoir chun téarmaí thusa an CCR a leasú leis an bhforáil reachtúil a léiriú.

Mhol an ODF '*ardú céime tréimhse seasta*' an Ghearánaí a shiardhátú go dtí an 29 Mártá 2009. Mhol sé freisin go gcuimseodh ardú céime an Ghearánaí chuig agus a sheirbhís i rang Captaein an tréimhse idir an dáta sin agus dáta a ardú céime iarbhír ar an 23 Nollaig 2010, tréimhse de nach mór fiche-haon mhí.

Mhol sé go ngabhfadh an Roinn leithscéal i bhfocail chuí as a mainneachtain nó earráid 'riarchán' chuige sin. Mhol sé freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcéad dáta eile a bhí beartaithe le haghaidh '*ardú céime tréimhse seasta*' an Ghearánaí agus go gcuirí ar ais ag 29 Mártá 2018 é.

Mhol sé freisin go dtreoródh an tAire an Gearánaí a chuíteamh go hiomlán as aon luach saothair breise a bheadh faigte aige dá dtabharfaí ardú céime dó ar an 29 Mártá 2009, aon incrimintí a bhí mall nó nár íocadh san áireamh.

Sa deireadh, mhol an ODF go dtabharfadadh oifigeach sinsearach dearbhú i scríobh don Ghearánaí nach ndéileálfáí ar bhealach níos diúltá leis chuige sin chun críocha forálacha um 'ardú céime tréimhse seasta' in alt 8(4)(b) de DFR A 15 san am atá thart agus amach anseo.





ODF
Tuarascáil Bhliantúil 2016

Achoimre Cáis 3

Comórtas ardaithe céime – Gearánaí míshásta le marcanna bronnta - Córás athbhreithnithe um ardú céime – An t-uafás gearán maidir leis an gcóras athbhreithnithe um ardú céime – “Interleafing” an chórais ardaithe céime - Mainneachtain céim cheart reachtúil nó riarracháin a ghlaicadh chun CCR a chur i bhfeidhm – An chumhacht treoracha riarracháin a thabhairt – Dlínse an ODF – Scéim R&E - Neamhchoinneáil notaí faoin bpróiseas agallaimh – ní raibh déanamh suas an bhoird ar aon dul le CCR No. 448 – Comhaontú “neamhfhoirmiúil” maidir le déanamh suas an bhoird nach raibh cuimsithe go foirmiúil i CCR - Éagais meicníochta um athbhreithniú inmheánach – Cibé acu ar tugadh dóthain eolais d’iarrthóirí faoi athruithe ar an struchtúr ardaithe céime - CCR Uimh. 448 – An tAcht Cosanta 1954, a 84 – DFR A10, alt 42 agus 42A

Fionnachtain i leith an Ghearáin: Níor Seasadh leis an nGearán

Bhain an gearán seo le riarr chóras ardaithe céime um OCN agus na marcanna a bronnadh ar an nGearánaí agus an comhad á mheasúnú agus san agallamh ina dhiaidh sin. D’áitigh an Gearánaí gurbh cosúil nach raibh na marcanna a bronnadh air ar aon dul lena shaineolas agus leis an méid oibre ar thug sé faoi le linn a sheirbhíse agus nár léirigh siad an ról a bhí aige in Óglaigh na hÉireann. D’áitigh an Gearánaí freisin nár bh cosúil go raibh na marcanna a bronnadh agus an comhad á mheasúnú ar aon dul leo siúd a bronnadh tar éis an agallamh sa mhéid is go raibh an dara sraith marcanna níos airde, nach raibh an marcanna a bronnadh air as an ‘measúnú comhaid’ nó an ‘agallamh’ cóir agus cothrom, nár léirigh na tráchta a rinneadh sa chuntas ar an agallamh na samplaí a bhí lúaithe ag an nGearánaí don Bhord agus go raibh cuid mhór

neamhrialtachtaí sna marcanna a bhronn an bord agus an comhad á mheasúnú. Ag céimeanna níos deireanaí dá iarratas SIÉ d’áitigh an Gearánaí freisin nár coimeádadh na notaí ón bpróiseas agallaimh, nach raibh an mhodheolaíocht a úsáideadh chun gach iarrthóir a mheasúnú leagtha amach ag CCR Uimh. 448 nach raibh an bord féin déanta suas i gcomhréir le forálacha CCR Uimh. 448.

Bhí an gearán seo i measc líon móraí gearán a fuair ODF ó OCNanna Óglaigh na hÉireann tar éis gur reáchtáladh roinnt comórtas ardaithe céime um ardú céime don rang OCN Sáirsint agus do rang OCN níos airde i rith 2012, tar éis gur tugadh isteach córas athbhreithnithe um ardú céime. Cuireadh na gearáin sin faoi bhráid ODF i rith





ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

2013 agus go luath i 2014. Reáchtáladh na comórtais de bhun sraithe cuimsithí de nósanna imeachta agus socruite nua a bhí in ábhar caibidle agus comhaontaithe idir an Roinn Cosanta, na hÚdarás Mhíleata agus Comhlachas Ionadaitheach Chéimnígh Eile na mBuan-Óglach (PDFORRA). Rinneadh an comhaontú maidir leis na socruite athbhreithnithe a thaifeadadh agus glacadh leis i CCR Uimh. 448 ar an 27 Feabhra 2012.

Sa chomhaontú CCR sin moladh athruithe bunúsacha a dhéanamh ar na nósanna imeachta agus critéir um Chomórtais Ardaithe Céime OCN don rang Sáirsint nó do rang OCN níos airde in Óglaigh na hÉireann, mar a ndearnadh foráil dóibh i dTreoir Riaracháin 'A' Cuid 10. Roimh an gcomhaontú sin, ba ghnách go ndéileáiltí le folántas agus arduithe céime um OCN ar bhonn cáis aonair de réir mar a thagadh siad suas. Faoi na seansocruite, nuair a reáchtáiltí comórtas do gach folántas de réir mar a thagadh sé chun cinn, bhíodh an-chuid comórtas ardaithe céime á reáchtáil ar fud Óglaigh na hÉireann. Bhí ualach mór riaracháin i gceist leis an socrú sin agus bhíodh ar líon mór ball foirne bheith ina mbaill de na boird go léir a ndéanadh measúnú ar iarrthóirí le haghaidh folántas aonair de réir mar a thagadh siad chun cinn. Ní raibh aon amhras ach go raibh éifeachtúlacht riaracháin le baint amach tríd an gcoras a athbhreithniú. D'fhéadfadh go gceapadh iarrthóirí nár éirigh leo san am atá thart go mbíodh an seansocrú i bhfabhar iarrthóirí áirithe, ar nós iarrthóirí ón aonad ina raibh an folántas agus iad siad a raibh sinsearach acu i gcomparáid le hiarrthóirí eile.

Leis an gcoras athbhreithnithe comhaontaithe tugadh isteach roimint athruithe lárnacha. Ar an gcéad dul síos, bheadh gach ceapachán OCN in Óglaigh na hÉireann oscailte d'iarrthóirí ráithiúla a bheadh curtha ar phainéil ardaithe céime tar éis chomórtas ardaithe céime faoi na socruite athbhreithnithe, ar choinníoll go mbeadh na cálíochtaí riachtanacha sonraithe don cheapachán ar leith bainte amach acu. Ar an dara dul síos, dhéanfaí nó d'fhéadfai agallaimh a reáchtáil ar leibhéal Eagair seachas ar leibhéal aonaid. Ar an tríú dul síos, bheadh painéis ardaithe céime bailí ar feadh tréimhse ama réamhshocraithe agus de réir mar a thiocfadh folántas um ardú céime chun cinn tháirgí an folántas don chéad iarrthóir eile ar an liosta a raibh na cálíochtaí cuí acu, pé uair a thiocfadh sé chun cinn. Ar an gceathrú dul síos aontaíodh ar chríteir incháilitheachta um ardú céime. Ar an gcuigí dul síos, dhéanfadh boird agallaimh measúnú ar bhua coibhneasta iarrthóirí bunaithe ar a measúnú, thar raon sonraithe inniúlachtaí, ar fhochomhad ardaithe céime

na n-iarrthóirí, agus ar a bhfeidhmíocht in agallamh bunaithe ar inniúlacht, i gcomhréir leis an gcoras marcála atá leagtha amach sa chomhaontú. Forbairt eile ar cuireadh fáilte mhór roimhe ná gur cuireadh ball sibhialta neamhspleách ar an mbord ardaithe céime. Sa deireadh, ní bheadh sinsearach ina fhachtóir tionchair a thuilleadh. Mar thoradh ar an gcoras nua cruthaíodh Ord Fiúntais ag gach bord ardaithe céime ar leibhéal Eagair seachas aonaid le haghaidh gach comórtas. Forbairt eile ná gur aontaíodh, ar chóras nach mór cur síos air mar chóras casta 'interleafing' chun gach painéil Ord Fiúntais Eagair a chomhtháthú in aon phainéil amháin um Óglaigh na hÉireann le aghaidh gach rang ardaithe céime. Cé go raibh díomá ar go leor iarrthóirí ar cuireadh in áit íseal iad mar gheall ar thoradh comórtas ar leibhéal Eagair, rinneadh an díomá sin níos measa mar gheall ar an gcoras 'interleafing'.

Bhí díomá ar na OCNanna a chuir gearán faoi bhráid ODF maidir leis an gcoras athbhreithnithe um ardú céime agus bhí siad míshásta le toradh Chomórtais 2012 um Ardú Céime OCN agus lena n-áiteanna ar an bpainéis ná na painéis ábhartha um ardú céime, ar leibhéal Eagair agus Óglaigh na hÉireann araon, ar chuíseanna a chuimsigh, i measc gnéithe eile: neamhaithint líomhanta scileanna, taithí ná seirbhísí iarrthóirí; go raibh nótá an bhoird ar iarraidh ná drochscríofa i roinnt cásanna ná rí leirigh siad an méid a bhí ráite ag an agallamh; nár ghlac an t-iarrthóir le sonraí tuairisce an bhoird; go raibh ranganna áirithe nasctha chun críocha an chomórtais cé go raibh nár gur cheart go mbeadh inniúlachtaí difriúla ag teastáil dóibh; éagsúlacht a bhí go mór agus gan mhíniú uaireanta idir scór measúnaithe comhaid an bhoird agus an scór a bhronn sé don agallamh; cáipéisí ar iarraidh ó fhochomhaid ardaithe céime; easpa líomhanta léirmheastóireachta cuidithí tugtha do na hiarrthóirí seachas nótá lámhscríofa ná tuairisc an bhoird; nach raibh an bord déanta suas mar a bhí foráil déanta dó i CCR Uimh. 448, agus an próiseas 'interleafing' chun liostaí phainéis Eagair a chomhtháthú in aon liosta amháin d'Óglaigh na hÉireann.

Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an gcoras athbhreithnithe sin um ardú céime le linn athbhreithniú na ngearán sin, thug an ODF faoi deara gurbh chosúil nach raibh an Treoir Riaracháin 'A' a bhí i gceist mar chuid fhoirmiúil den chreat dlí a rialaíonn ardú céime in Óglaigh na hÉireann agus go bhféadfadh go raibh sé comhairleach ná ceaptha le haghaidh 'eolais agus treorach ginearálta' amháin. Mar fhreagra ar thuairimí ODF i gcás cosúil leis, d'admhaigh na hÚdarás Mhíleata go raibh 'gníomh riarcháin breise ag teastáil agus gurbh ceart an CCR a





chur isteach sa Treoir Riaracháin sular cuireadh túis leis an gcomórtas ardaithe céime'. Thug ODF faoi deara freisin nár thug an CCR le fios cén chaoi a gcuirfí forálacha an chomhaontaithe i bhfeidhm. D'admhaigh na hÚdarás Mhíleata freisin gurbh amhlaidh. Ba é tuairim an ODF ná chun feidhm dhlíthiúil a thabhairt do na socruite ag athbhreithnithe comhaontaithe i CCR Uimh. 448 in aon socrú neamhfhoirmiúil ina dhiaidh nó chun iad a chur i bhfeidhm, go mbeadh gá le gníomh breise reachtaíochta nó riaracháin.

Cé gur tugadh cumhacht ghinearálta i bhforálacha DFR A 10 Treoracha Riaracháin a thabhairt "nach bhfuil ar aon dul leis na rialacháin sin", níor bh cosúil don ODF gur

tugadh údarás sonrach ann Treoracha Riaracháin a thabhairt le haghaidh ceann ar bith de na cuspóirí nó ábhair sonracha éagsúla a bhfuil foráil déanta dóibh i DFR A 10. Bhí imní ar ODF freisin faoi dhlíthiúlacht aon iarracha srian a chur ar nó teorainn a chur le nó laghdú a dhéanamh ar chumhacht nó údarás arna ndeonú i DFR ag foráil cuimsithe i dTreoir Riaracháin. Chuile sheans nach mbeadh aon srian den sórt sin, i gcomparáid le socrú riaracháin amháin, 'ar aon dul leis an DFR, agus mar sin, go mbeadh sé *ultra vires*.

Thug an ODF faoi deara freisin go débhríocht maidir le stádas agus éifeacht CCR. Mar fhreagra ar chuireadh i gcás cosúil leis 'ghlac' na hÚdarás Mhíleata 'leis gur cheart





ODF
Tuarascáil Bhliantúil 2016





go mbeadh treoir riarcháin ar aon dul leis an rialachán arb é an príomhcháipéis.’ D'aontaigh siad gurbh é an ‘gníomh ceart ná téarmaí an CCR a chur isteach i dTreoir Riarcháin A Cuid 10 sula gcuirfí tú le Comórtas 2012 um Ardú Céime OCN’. Bhí údarás rialála soiléir ann le téarmaí an CCR a chaibidil agus comhaontú orthu agus rún comhaontaithe na socruite ar aontaíodh orthu um Chomórtas Ardaithe Céime OCN amach ansin a chur i bhfeidhm. Tharla mainneachtain riarcháin, áfach, nuair nach ndearnadh téarmaí an CCR a thrasúí sa chreat um ardú céime. Níor ‘cuireadh i bhfeidhm’ é agus níor nascadh le téarmaí DFR A 10 ná le téarmaí Threoir Riarcháin ‘A’ Cuid 10, nach raibh sé ar aon dul léi, é go dtí tar éis an Chomórtas um Ardú Céime nuair a cuireadh téarmaí an CCR isteach i dTreoir Riarcháin ‘A’ Cuid 10 arbh cosúil gurbh é an gníomh ceart agus cuí, cé go ndearnadh go déanach é. Míníodh an mhoill idir comhaontú CCR Uimh. 448 ar an 27 Feabhra 2012 agus a thrasúí i dTreoir Riarcháin ‘A’ 10, mar ‘dhearmad riarcháin’ i gcás cosúil leis. Cé nach mór don ODF, i gcónaí, aird chuí a thabhairt ar cheanglais oibriúcháin Óglaigh na hÉireann, ba chosúil go raibh an mhoill míréasúnta d'ainneoin gur tógadh san áireamh comhthéacs na timpeallachta míleata agus go raibh sé “i gcoinne riarcháin chórá nó fhóntha”.

Glacann ODF go hiomlán agus aontaíonn sé le tuairim na Roinne nach ábhar é athbhreithniú ná maoirseacht ar ‘shocrú scéim ardaithe céime’ laistigh de chumas ná dhlínse ODF. Is léir gur ábhar é ceapadh beartais i leith ardaithe céime nach mór don Aire a shocrú de bhun an Acht Cosanta 1954. Tá ‘socrú’ “córás agus critéar ghníearálta a rialáinn ardú céime”, laistigh de raon feidhme R & E agus mar sin tá sé eisiata ó dhlínse an ODF ag alt 5 den Acht. Dá réir sin, níorbh fhéidir leis an ODF athbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe nua den chórás athbhreithnithe um ardú céime, mar a aontaíodh orthu sa CCR. Ciallaíonn sé sin nach nglacfaidh an ODF le dlínse maidir le gearáin faoi chomórtas um ardú céime atá bunaithe ar éagóir líomhanta déanta ar Ghearánaí mar thoradh ar mhainneachtain cloí le nósanna imeachta nō socruite ar aontaíodh orthu i CCR, nó b'fhéidir leo siúd ar aontaíodh orthu i gcomhaontú neamhfhoirmíúil lasmuigh de R & E, nó leo siúd atá leagtha síos i dTreoir Riarcháin, déanann an ODF breithniú ar a dhlínse maidir le heasnamh riarcháin ar bhonn cáis aonair.

Sa chás seo, ní dhearnadh aon ghearán inar líomhnaíodh nár comhlíonadh foráil de DFR A 10 gur sáraíodh foráil.

Sular tugadh na harduithe céime sin, áfach, tharla próiseas comórtais, nach raibh foráil déanta dó sa DFR. Is cosúil don ODF go raibh gníomhartha a glacadh chun an próiseas comórtais a bhunú agus a chur i bhfeidhm de nádúr riarcháin. Dá mbeadh éifeacht ag na gníomhartha sin ar Ghearánaí agus gur tuigeadh iad nō bhféadfaí iad a thuiscint le téarmaí alt 4(1)(b) d'Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, tá siad, ach amháin má tá siad eisiata ag forálacha alt 5 den Acht sin, laistigh de dhlínse ODF de réir fhorálacha an Actica sin. Ós rud é go bhfuil an ODF ag déileáil le gearáin ó bhaill den ODF le 10 mbliana anuas, is féidir a thabhairt faoi deara go mbaineann 30% de na gearáin a fuarthas go dtí seo le ‘riar’ beartais nō socruite um ardú céime in Óglaigh na hÉireann. Socraíodh i gcónaí go raibh siad laistigh dá dhlínse Mar sin, tá spéis ag an ODF chomh maith leis na páirtithe ábhartha go léir i ról a ghlacadh, ar bhealach ar bith is cuí dar leis, in easnaimh riarcháin a bhaint agus i bhfeabhsúcháin riarcháin a dhéanamh a chuirfeadh le laghdú féideartha ar na gearáin sin. Is gné thábhachtach é sin den chomhthéacs ina dtáirgeann an ODF tráchta agus tuairimí agus ina ndéanann sé moltaí.

Tugtar le tuiscint, tar éis gur leanadh ar aghaidh leis an gcomórtas ar bhonn ábhar an CCR, nach raibh ar aon dul leis na Treoracha Riarcháin mar a bhí amhlaidh ag an am, gan leasú a dhéanamh ar na Treoracha Riarcháin ar dtús, gur reáchtáladh an comórtas faoi dheifir, cé go n-admháitear i gcomhthéacs na ‘moratóra’ roimhe sin ar ardú céime go raibh gach seans go raibh cúrsaí nō riachtanais oibriúcháin i gceist agus é sin á dhéanamh. Is cosúil freisin nach raibh tuiscint iomlán ag roinnt iarrthóirí ar fhairsinge agus éifeachtaí na n-athruithe ar aontaíodh orthu agus a ndearnadh don phróiseas comórtais trí an bpróiseas bunaithe ar mheasúnacht inniúlachta a thabhairt isteach. Is measc na bhfachtóirí arbh cosúil gur chuir siad go mór le leibhéal na ngearán bhí deireadh a chur le sinsearach mar fhachtóir measúnaithe, tabhairt isteach córás measúnaithe nua bunaithe ar inniúlacht agus an teorainn leis na taifid seirbhise le cur san áireamh sna fochoimhaid ardaithe céime. Fachtóir eile a d'fhéadfadh go raibh ról aige freisin ná gur reáchtáladh aon chomórtas amháin ar leibhéal Eagair le haghaidh na bhfolúntas go léir laistigh d'amfhráma sonraithe. Ní mór é sin a mheas mar staid mhíshásúil, a d'fhéadfadh gurbh é is cúis leis, i bpáirt ar a laghad, ná nár tugadh dóthain eolais d'iarrthóirí nō nár thuig siad na sonrái faoin gcorás athbhreithnithe. Measann ODF go bhféadfad a bheith ag súil go réasúnta le níos mó soiléire agus cinnteachta i leith na rialacha infheidhme d'athruithe móra den sórt sin ar an gcorás ardaithe céime d'OCN, chomh maith le cláir

ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

oideachais agus oiliúna níos cuimsithí d'iarthóirí ionchais.

Mar fhreagra ar chuireadh ón ODF i gcás cosúil leis, dhearbhaigh na hÚdarás Mhíleata gur rith an Brainse J1 ‘sceideal de sheisiúin eolais le gach Briogáid ábhartha agus gach ball foirne AD sna hEagair sular reáchtáladh an comórtas ardaithe céime i 2012’. Dúirt siad freisin ‘gur leagadh cúram ina dhiaidh sin ar gach Briogáid agus Eagar as seisiúin eolais a thabhairt agus eolas faoi na hathruithe comhaontaithe a scaipeadh chuig gach iarrthóir roimh an gcomórtas’. D’admhaigh siad freisin go ‘bhféadfadh go mbeadh gá le cur chuige níos láraithe i dtreo athruithe móra ar an gcóras ardaithe céime um OCNanna.’ Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na notaí eolais agus bileoga oibre ar cuireadh ar fáil dó i gcás cosúil leis chuige sin, bhí ODF den tuairim go raibh raon feidhme níos mó ag na hathruithe a bhí á dtabhairt isteach agus go bhféadfadh go mbeadh gá le níos mó ná aon tréimhse amháin de sheisiúin eolais le haghaidh iarrthóirí.

D’ardaigh an Gearánaí, mar fhreagra ar chonclúidí an MIO i dtaobh a ghearán, ceisteanna maidir le mainneachtain notaí a choimeád i leith an phróiseas agallaimh. Cé gur fhreagair an COS do na ceisteanna sin ina rialú, chuir na gnéithe breise sin lena iarratas ar SIE nach raibh mar chuid dá ghearán tosaigh agus níor mheas an ODF go mbeadh sé cuí ná riachtanach na gnéithe breise sin a bhreithniú níos mó.

Mheas an COS freisin go raibh sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh an measúnú comhaid agus an t-agallamh ina dhá phróiseas ar leithligh sa chomórtas. Mheas é freisin nach mbeadh sé míréasúnta go mbainfeadh an t-iarrthóir amach marc níos airde sa mheasúnú comhaid nó sna measúnuithe agallaimh faoin inniúlacht chéanna, agus, sa chás sin, chuir sé an difríocht idir na scóir i leith fleidhmíocht níos láidre an Ghearánaí san agallamh.

Freisin d’ardaigh an Gearánaí pointe eile maidir le baill an bhoird. Ghlac an COS leis nach raibh ballraíocht an bhoird ar aon dul leis an CCR Uimh.448 maidir le ball ón mBrainse DCOS (Sp) a bheith air ach áitiúdh gur tagadh ar chomhaontú neamhfhoirmiúil sular reáchtáladh an comórtas. Mheas an ODF go raibh sé míshásúil ó thaobh ‘riarachán’ nach ndearnadh leasú láithreach ar an CCR tar éis go ndearnadh cruinntithe taoibh neamhfhoirmiúla den sórt sin. Is cosúil freisin nach raibh na comhaontuithe neamhfhoirmiúla sin léirithe in eolas foilsithe eile maidir leis an gcomórtas. D’ainneoin sin, thug ODF faoi deara nár líomhain an Gearánaí go raibh drochthionchar ag

ballraíocht an bhoird ar a chuid féidearthachtaí sa chomórtas, ach níl aon fhianaise ann a thugann le fios gur tharla sin.

Fuair an ODF freisin nach raibh aon raon feidhme laistigh de CCR Uimh. 448, um athbhreithniú neamhspleách ar mheasúnú an bhoird ar iarrthóirí, ón gcomhad nó ó na notaí lámhscríofa. Ní dhearnadh foráil d'aon nós imeachta chun foichmhidh ardaithe céime ná measúnuithe agallaimh a athbhreithniú ná a athluacháil, trí hathbhreithniú leanúnach ná ag gníomhaireacht sheachtrach ná le haghaidh athbhreithnithe ná leasaithe ar na marcanna arna mbronnadh. Ag féachaint chuig líon na ngearán a fuarthas i dtaobh Chomórtas 2012 um Ardú Céime OCN, mhol ODF smaoineamh ar fhoráil a dhéanamh do mheicníocht inmheánach achomhairc laistigh de na socruithe athbhreithnithe don chomórtas ardaithe céime. Mar fhreagra ar thuairimí an ODF chuige sin i gcás cosúil leis, d’áitigh na hÚdarás Mhíleata ‘go measann siad gur ábhair iad sin a dhéanfaí breithniú cuí orthu laistigh den scéim R & E’. D'aontaigh ODF leis an áitiú sin.

Tar éis dó cás an Ghearánaí a bhreithniú go cúramach, tháinig ODF ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise a thug le fios nár ghníomhaigh an bord ar bhealach cóir agus neamhchlaonta ina mheasúnú ar chomhad an Ghearánaí ná nár chloígh siad le haon ghné de na socruithe comhaontaithe, fiú má bhí díomá ar an nGearánaí leis an toradh i gcomparáid le hiarrthóirí eile. Ar na cúinsí sin, ní bheadh sé cuí d'ODF locht a fháil ar mheasúnú an bhoird ar fhiúntas coibhneasta iarrthóireacht an Ghearánaí ná ar na marcanna a mheas sé a bheith cuí nuair a rinneadh an measúnú tosaigh ar chomhad ná tar éis go ndearnadh an t-agallamh don chomórtas.



Achoimre Cás 4

Saoire – Go leor iarrachtaí nár éirigh leo teagmháil a dhéanamh leis an ngearánaí agus é ar saoire – Ciapadh líomhanta – Cruinniú le CO – Bulaíocht líomhanta - Bhí iarratais ar shaoire le dul chuig an Sáirsint Complachta ina – Déileáil Éagórach líomhanta - DFR A 11 agus Treoir Riarachán A 11 (is pribhléid é saoire)

Fionnachtain i leith an Ghearáin: Níor Seasadh leis an nGearán

Bhí an Gearánaí ar socrúchán fadtéarmach óna aonad bunaidh chuig aonad coisithe, agus chuir sé iarratas ar shaoire le haghaidh na tréimhse ón 9 go 13 Bealtaine 2011, faoi bhráid Sháirsint Complachta (Sáir Comp) an aonaid a raibh sé ar socrúchán ann, agus deonaíodh an tsaoire sin. Agus é ar saoire, bhí sé imithe ón mbaile, ag iascaireacht, agus d'fhág sé a fhón póca lena bhean chéile ar ‘chúiseanna slándála’ a bhain lena aláram tí. Is cosúil nár cuireadh a aonad bunaidh ná an t-aonad a raibh sé ar socrúchán ann ar a n-eolas faoi sin ag an am. Rinne sé gearán go bhfuair a bhean chéile thart ar 15 go 20 glao in aghaidh an lae óna ‘aonad bunaidh’ gach lá le linn na tréimhse saoire. D’fhill sé abhaile ar an 12 Bealtaine 2011. An dá dar gcionn, agus í ag sochraíd clainne, chaill a bhean chéile 15 ghlao óna aonad bunaidh i dtréimhse 45-nóiméid, agus 10 go 15 glao eile san iarnóin. Níor míniódh cén fáth gur choimeád a bhean chéile an fón póca tar éis dó filleadh abhaile ar an 12 Bealtaine agus i rith an 13 Bealtaine. Ba í an chúis leis na glaonna fóin i rith an tréimhse saoire ná go raibh cigireacht GOC le tarlú. Tugadh treoir do cheannasaithe aonaid gur cheart do gach ball fairne páirt a ghlacadh sa pharáid. Níor cuireadh in iúl do CO aonad bunaidh an Gheáraí gur deonaíodh saoire le haghaidh na tréimhse don Gheáraí. Nuair a fuair siad amach, leagadh cúram ar an aonad bunaidh as teagmháil a dhéanamh leis an nGearánaí chun dearbhú an raibh sé sa Stát agus, dá mb’fhéidir, a shaoire a chur ar ceal le haghaidh na tréimhse chun ullmhú i gcomhair chigireacht an GOC. D’ainneoin go leor iarrachtaí, níor éirigh leis an aonad bunaidh ná an t-aonad a raibh sé ar socrúchán ann teagmháil a dhéanamh leis an nGearánaí. Ba iad na sonraí teagmhála a chuir an Gearánaí ar fáil ar a iarratas saoire ná a sheoladh baile mar a bhí taifeadta ar an PMS. Nuair a dréachtaíodh litir le heisiúint chuig a sheoladh bhaile, chinn a aonad bunaidh gan í a sheoladh. Maidir leis na coinníollacha saoire, thug an CO faoi deara téarmaí DFR A11 agus Treoir Riarachán A11 mar a bhí amhlaidh ag am na gníomhartha líomhanta. Luagh sé alt 3(1) den DFR mar seo a leanas:

“Is pribhléid í saoire de réir fhorálacha na Rialachán seo agus ní mór d’oifigeach nó dhuine ar saoire bhliantúil nó speisialta bheith réidh i gcónai dul lena aonad arís.”

Thug sé faoi deara go ndearnadh foráil in alt 29 den DFR ag an am:

“Sula n-imíonn sé ar shaoire bhliantúil nó speisialta, ní mór d’fhear fógra a thabhairt dá oifigeach ceannais faoina sheoladh agus é ar saoire nó áit nach mbeidh aon seoladh seasta aige agus é ar saoire ní mór dó sonraí a thabhairt faoi sheoladh trína mbeifear in ann cumarsáid a dhéanamh leis go tapa. Ní fógra a thabhairt gan mhoill faoi aon athrú ar sheoladh ina dhiaidh sin”.

Níor thug aon Gearánaí aon mhíniú réasúnta maidir leis, agus ceanglais thuasluaite DFR A 11 ó thaobh saoire tógha san áireamh, an bhfáth nár freagraíodh glaonna fóin ó uimhreacha fóin mhíleata aitheanta ag duine ag a raibh rang, seirbhís agus taithí an Gheáraí.

Mhaigh an Gearánaí go ndearnadh 15 go 20 glao ar a fhón póca gach lá. Cé nach raibh an CO in ann cruthúnas fisiceach a fháil air sin, shonraigh sé go raibh trí hionad éagsúil ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leis an nGearánaí i rith a shaoire, mar sin, go bhféadfadh go bhfuair sé cuid mhór glaonna i rith a thréimhse saoire. Fuair an CO go bhféadfadh go ndearnadh lón mór glaonna ar fhón an Gheáraí. Chinn sé freisin nár tharla sé sin mar thordadh ar aon drochrún ná ciapadh ach gur tharla sé mar go raibh trí hionad éagsúil ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leis an nGearánaí.

Mhol an CO don todhchaí nach leagfaí cúram ach ar aon roinn amháin as teagmháil a dhéanamh le duine ar na cúinsí sin. Mhol sé freisin úsáid a bhaint as bealaí eile teagmhála mar ríomhphost, teachtaireacht téacs, glórphost nó litreacha, mura ndéantar teagmháil ar an bhfón. Freisin chinn sé go raibh sé mar dhualgas ar an nGearánaí teagmháil a dhéanamh lena aonad.

ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Thug sé faoi deara nár inis an Gearánaí don aonad bunaidh ná don aonad a raibh sé ar socrúchán ann go mbeadh a fhón ag a bhean chéile agus nach mbeiffi in ann teagmháil a dhéanamh leis ag an uimhir sin. Fuair an CO gur cheart do bhaill foirne déanamh cinnte go mbeadh sonraí teagmhála taifeadta ar a bhfoirm iarratais um shaoire, agus go háirithe aon athrú ar ghnáthshonraí teagmhála. Níor thug aon Gearánaí aon mhíniú réasúnta maidir leis an bhfáth nár ghlac le haon cheann de na glaonna fóin ó uimhreacha fóin aitheanta aonaid.

Ar an 18 Bealtaine, líomhain an Gearánaí gur cuireadh chuig oifig a CO é agus an Sáir Comp i láthair. Luaigh an CO nach raibh sé sásta leis an easpa teagmhála agus é ar saoire agus gur pribhléid a bhí i saoire. Líomhain an Gearánaí nár tugadh deis dó labhairt i rith an chruinnithe agus gur mhottaigh sé ‘leochaileach agus faiteach’ agus gur fágadh ‘trína chéile’ é. Socraíodh go raibh an dá pháirtí ina suí i rith an chruinnithe agus go raibh an dá taobh in ann a n-argóint maidir le saoire a chur in iúl go soiléir agus go daingean agus nuair a luaigh an CO go raibh sé ‘chun an t-ábhar seo a leigheas i gcaitheamh an dá seachtaine atá romhainn’ go raibh sé ag tagairt do na nósanna imeachta um dheonú saoire ar bhaill ar dhícheangal ón aonad ionas nach dtarlódh a leithéid de rud arís.

Ina dhiaidh sin cuireadh in iúl don Ghearánaí go mbeadh air a chuid iarratas ar shaoire a chur faoi bhráid Sáir Comp a mháthaironaid amach anseo, rud a chreid sé a bheith éagórach agus mídhleathach, go háirithe ós rud é go raibh drochchaidreamh aige le Sáir Comp a aonad bunaidh. Lig na socruite a nua saoire don aonad bunaidh roinnt smachta a chleachtadh a bheadh bainteach le gach ball foirne ar dícheangal ó aonad bunaidh an Ghearánaí. Níor díriodh ar an nGearánaí amháin chuige sin. Bhí gach ball dá aonad faoi réir an phróiseas iarratais céanna um shaoire, cibé acu go raibh nó nach raibh siad ar dícheangal agus ceanglaítear orthu go léir a n-aonad bunaidh a choimeád ar an eolas faoina n-ionad nó a faoina gcuid gluaiseachtaí ionas gur féidir teagmháil a dhéanamh leo más gá.

Dúirt an Gearánaí go raibh sé ar an liosta dualgais don 8 Bealtaine agus nach raibh sé ar an liosta arís ar feadh an chuid eile den mhí. Ar an 19 Bealtaine, thug an Gearánaí go raibh sé liostaithe le haghaidh dualgais ar an 22 Bealtaine, cé gur líomhain sé nár tugadh fógra dó faoin dualgas sin agus nach raibh sé ar an uainchlár an tseachtain roimhe sin, rud a mheas sé a bheith mar phionós as an 18 Bealtaine. Nochtadh in imscrúdú an CO gurbh amhlaidh go raibh an Gearánaí liostaithe le haghaidh du-

algais ar an 29 Bealtaine 2011 agus gur bhabhtáil sé an dualgas sin ar cheann le haghaidh an 22 Bealtaine 2011. Fuair an CO gurbh mí an-ghnóthach é Bealtaine 2011 agus gealltanais mhóra oibriúcháin i gceist mar thoradh ar chuaireanna Stáit. Ní bhfuair sé aon fhianaise gur déileáladh go héagórach leis an nGearánaí ná gur cuireadh pionós air trí hé a cheapadh le haghaidh dualgas breise. Ghlac an MIO leis, go ginearálta, gur éirigh go maith leis an gcorás liosta dualgais do na baill sin a bhíodh i gCeanncheathrú an aonaid go minic ach gurbh córas neamhéifeachtach é chun an Gearánaí a chur ar an eolas faoina chuid dualgas. Cé gur ar an duine féin a bhí an dualgas as an eolas a lorg, freisin bhí dualgas ar an aonad é a chur ar fáil go héasca agus a dhéanamh inrochtana.


Mhaigh an Gearánaí gur ‘bulaíocht, imeaglú agus ciapadh den chéad scoth’ a bhí in iompar a aonaid bunaidh le linn a shaoire agus nuair a cuireadh ar paráid é. Níor aimsigh an MIO aon fhianaise agus níor sholáthair an Gearánaí aon fhianaise a thacaigh lena thuairim go ndearnadh bulaíocht, mar atá sainithe i dTreoir Riarcháin A7, Caibidil 1 alt 132, air. Go contráthá, tugadh le fios go soiléir agus go cuimsitheach i dtuarascáil an MIO gurbh é a bhí i gceist leis an bplé idir an Gearánaí agus a aonad ná an gnáthphhlé riarcháin a tharlaíonn idir aonad agus ball aonaid agus gur déileáladh leis le dea-bhéasa agus le cúirtéis i gcónaí.

Mar shásamh, d’iarr an Gearánaí go ndéanfaí a ghearán ‘a imscrúdú agus a leigheas dá réir’.

Ba chosúil don ODF, ar na cúinsí ar thug an Gearánaí síos orthu, gur cheart go mbeadh níos mó soiléire idir an Gearánaí agus na hÚdarás Mhileata maidir lena chuid sonraí teagmhála agus a chuid socruite leis a aonad bunaidh agus leis an aonad a raibh sé ar socrúchán fadtéarmach ann. Ba chosúil don dá haonad gurbh cuí a uimhir fóin phóca a úsáid chun críocha teagmhála. Mhol an ODF athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta chun nach mbeadh easpa soiléire amach anseo.

Ní raibh aon fhianaise a thug le fios go raibh na hathruithe ar na nósanna imeachta iarratais ‘éagórach ná mídhlisteanach’ ná gur ‘déileáladh go difriúil’ leis an nGearánaí i gcomparáid le baill eile dá aonad bunaidh a bhí ar socrúchán fadtéarmach d'aonaid eile. Dá réir sin, níor sheas an ODF leis an ngné sin de SIÉ an Ghearánaí.

In éagmas socruite comhaontaithe eile, níorbh chosúil don ODF, go raibh sé míchuí ó thaobh riarcháin gur chuir na húdarás aonaid líon mór glaonna ar uimhir fóin



ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

phóca aitheanta, nár freagraíodh aon cheann díobh, ná go raibh an éagóir ar áitigh an Gearánaí a bheith déanta i gceist.

Níor tugadh aon fhianaise don ODF faoi neamhrialtacht ná iompar míchuí ag an CO, ná ag an Sáir Comp, maidir leis an gcruiinniú sin, a thacódh leis na líomhaintí trom-chúiseacha a rinne an Gearánaí gur ‘cuireadh ar paráid’ é agus go ndearnadh ‘bulaíocht’ air. Ní raibh aon fhianaise ná sonraí breise faoi aon ghníomh do-ghlactha eile ag an CO ná ag an Sáir Comp. Níor socraíodh na líomhaintí a rinne an Gearánaí gur mhothaigh sé ‘leochaileach’ agus ‘faiteach’ mar gheall ar a CO agus gur fágadh ‘trína chéile’ é mar gheall ar chothrom na dochúlachta. Níor sheas an ODF leis an ngné sin dá ghearán mar gheall ar easpa fianaise.

Tháinig an fógra gairid don dualgas chun cinn go díreach mar thoradh ar ghníomh an Ghearánaí ar an 18 Bealtaine nuair a mhalartaigh sé a dhualgas ón 29 Bealtaine go dtí an 22 Bealtaine. Ní fhéadfaí an fógra gairid a chur i leith aon easpa riarrachán thar ceann na ndaoine a bhí os cionn an Ghearánaí. Ní raibh aon fhianaise a thacaigh lena thuairim gur tugadh an dualgas mar phionós as rud ar bith. Dá réir sin, níor sheas an ODF leis an ngné sin de SIÉ an Ghearánaí.



Achoimre Cás 5

Comórtas 2012 um Ardú Céime NCO - Líomhnaíodh gur mhainnígh an Bord Ardaithe Céime seirbhís agus taithí a thógáil san áireamh mar gheall ar éagmairis 4 AFs 667 agus Tuarascáil ar Chúrsa Cuntasáiochta Loighistice a raibh tionchar aige ar rangú an ghearánaí um ardú céime

Fionnachtain i leith an Ghearáin: Níor seasadh leis an ngearán

Tá an gearán i gcoinne an bhoird a tionóladh do Chomórtas 2012 um Ardú Céime agus a chuir agallamh ar an nGearánaí ar an 9 Bealtaine 2012 agus a rinne measúnú ar a iarrthóireacht laistigh dá Eagar chun ardú céime a thabhairt do rang NCO shinsearaigh. Fuair an Gearánaí tuarascáil an bhoird dó ar an 9 Deireadh Fómhair 2012.

Ba í an chéad ghné den ghearán ná nár thóg an bord san áireamh go hiomlán a chuid seirbhise agus taithí ar A/CQMS agus a ocht mbliana de thaithí loighistice mar go raibh ceithre cinn dá chuid AFs 667 ar iarraighd óna chomhad le haghaidh na mblianta 2004-2007. Ba í an dara gné den ghearán ná go raibh an tuairisc do Chúrsa Cuntasáiochta Loighistice an Ghearánaí, a rinneadh i 2004, ar iarraighd óna chomhad. Ba í an tríú gné den ghearán ná nár bh ceart an bord a agallamh a dhéanamh gan an tuairisc thusa agus na AFs 667, toisc nár léirigh sé i gceart a thaithí, agus mar thoradh air sin, gur cuireadh an Gearánaí i seasamh rangaithe níos ísle don ardú céime Ord Fiúntais (OF). Cuireadh an Gearánaí in áit 35 as 52 iarrthóir in Ord Fiúntais a Eagair agus in áit 89 as líon anaithnid iarrthóirí ar OF Óglaigh na hÉireann.

Ar an 14 Samhain 2012, chuir an Gearánaí isteach iarratas SIÉ agus ar an 19 Samhain 2012, ceapadh MIO ag GOC an Eagair chun an SIÉ a imscrídú. Thug an MIO tuairisc don GOC ar an 25 Eanáir 2013, inar dearbhaíodh go raibh an taithí ábhartha a ndearnadh tagairt di ag an nGearánaí. Mar shásamh, tá sé iarrtha ag an nGearánaí go gcuirfeadh an bord agallamh air arís agus go mbeadh na comhaid ábhartha go léir acu agus iad siúd a bhí ar iarraigdh sa chéad agallamh ina measc.

Chuaigh an Gearánaí ar scor ar an 23 Samhain 2013 tar éis 21 bhliana de sheirbhís. Chuir sé a ghearán faoi bhráid an ODF ar an 25 Samhain 2013.

Faoi alt 6(3) d'Acht an Ombudsman (Óglaigh na

hÉireann) 2004, tugtar 12 mhí don Ghearánaí ó dháta an ghnímh atá i gceist, nó ón dáta ar a bhfuair an Gearánaí amach faoin ngníomh, chun a ghearán a chur faoi bhráid an ODF. Ba é dáta líomhanta an 'gnímh' (an comórtas ardaithe céime) ná an 9 Bealtaine 2012, ach níor cuireadh an Gearánaí ar a eolas faoi thoradh an chomórtais go dtí an 9 Deireadh Fómhair 2012. Má ghlactar leis an dáta níos deireanaí, cuireadh an gearán faoi bhráid ODF sé seachtaine lasmuigh den tréimhse teorann reachtúla. Ní dhearna an Gearánaí aon mhoill iomarcach. D'admhaigh an DCOS (Sp) áfach, go raibh moill le SIÉ an Ghearánaí a chur chun cinn óna Eagar chuig an COS ó Mhárta go Deireadh Fómhair (seacht mí) mar gheall ar 'earráid riarracháin'. Ní raibh neart ar bith ag an nGearánaí ar an moill sin; mar sin níor cheart brath ar an moill chun an Gearánaí a chur lasmuigh de dhlínse an ODF.

D'iarr an Gearánaí go gcuirfí a ghearán faoi bhráid an ODF ar an 25 Samhain 2013. Mar gheall ar 'earráidí riarracháin' eile áfach, níor seoladh ar aghaidh é go dtí an 1 Nollaig 2014 (díreach os cionn bliana ina dhiadh sin). Ní raibh neart ag an nGearánaí ar na moilleanna sin go léir agus, mar sin, mheas an ODF go raibh sé cuí aon blhiaín agus seacht mí a bhaint ón am. Mar sin, measadh go raibh an gearán laistigh de dhlínse.

Ina imscrídú, rinne an MIO teagmháil leis an nGearánaí, le hUachtaráin an bhord ardaithe céime, Oifigeach Ceannais an Ghearánaí agus baill foirne oifig na dtaipead. Seo a leanas fionnachtana an MIO: ní raibh aon cheanglas i CCR Uimh. 448 go bhfiosródh an bord taifid ar iarraighd; go ndearnadh fiosrú ar dtús i 2008 i dtaipeid AFs 667 de chuid an Ghearánaí a bhí ar iarraigdh ach nár lean an Gearánaí ná a aonad dul chun cinn an fhiosraithe sin; agus faoi théarmaí CCR Uimh. 448, go raibh sé ina cheangal go gcuirfí Tuairisc an Chúrsa Cuntasáiochta Loighistice a rinne an Gearánaí san áireamh ina bhFochomhad Ardaithe Céime, agus go raibh sé ina chomhad Taifid Eagair, nár cuireadh san áireamh é ina bhFochomhad Ardaithe



Céime. Chinn an MIO, áfach, gur ghníomhaigh an bord i gcomhréir le ceanglais an CCR.

Chinn an MIO freisin nach ndearna an bord éagóir ar an nGearánaí agus nárbh cuí an sásamh a bhí á lorg aige; botún riarracháin aiféalach ab ea éagmais na tuairisce ar a chúrsa gairme agus an fochoimhad ardaithe céime á ullmhú; agus nach raibh an ceart ag an nGearánaí agus é ag tabhairt le tuiscint nárbh ceart don bhord dul ar aghaidh leis an agallamh go dtí go mbeadh gach cáipéis ar fáil agus nárbh é an bord a bhí freagrach as déanamh cinnte go raibh na cáipéisí go léir san fhochomhad.

Ar an 6 Feabhra 2013, d'aontaigh an GOC le tuairisc an MIO agus freisin shonraigh sé gur tógadh san áireamh agus agallamh an Gearánaí á mharcáil ag an mbord, a chuid leasuithe ar Aguisín WW maidir le cáipéisí a bhí ar iarraidh ina measúnú ar an iarrthóir. Chinn an DCOS (Sp) nach ndearnadh éagóir ar an nGearánaí ach gurbh cheart aon AF 667s a bhí ar iarraidh a chur ar fáil arís áit ab fhéidir.

Tar éis dó an gearán a bhrefthniú, mheas an ODF nárbh cuí locht a fháil ar mheasúnú an bhoird ar fhiúntas

coibhneasta iarrthóireacht an Gearánaí ná ar na marcanna a bronnadh le linn an mheasúnaithe agus an agallaimh in éagmais aon fhianaise ar aon éagóir agus gur thángthas ar rangú an Gearánaí ar an OF ar bhealach ceart agus cuí i gcomhréir leis na socrutithe comhaontaithe. Chuir an ODF in iúl freisin go raibh a chinneadh gan seasamh leis an ngearán tacaithe ag an easpa forála sa scéim ardaithe céime d'OCNanna ná i CCR Uimh. 448 chun fochoimhad ardaithe céime nó measúnuithe agallaimh a athbhreithniú.

Níor sheas ODF leis an ngearánaí ná le sásamh molta an Gearánaí toisc nach raibh an bord freagrach as déanamh cinnte go raibh na cáipéisí go léir san fhochomhad; bhí a fhios ag an nGearánaí go raibh na comhaid ar iarraidh i 2008 ach gur mhainnígh sé gníomh a ghlacadh ina leith; agus thóg an bord san áireamh notaí an Gearánaí in Aguisín WW agus gur mharcáil sé a mheasúnú dá réir sin. Mheas ODF nach mbeadh sé praiticiúil an Comórtas a oscailt arís agus nach mbeadh sé cóir do bhaill eile den chomórtas dá gcuirí agallamh arís ar an nGearánaí agus dá ndéanfaí leasú féideartha ar na ranguithe/seasaimh aonair ar an OF.





Achoimre Cáis 6

Comórtas 2012 um Ardú Céime OCN - BSM/BQMS Líne/Teic Gp 1 & 2 An tArm/An tAerchór - Earráidí riachán agus ardú céime á fhógairet - Ranganna eisiata CQMS/FQMS – Rangaite i gcomhréir le heisiamh – tuigeadh go ndearnadh earráid - bord tionólta arís – iarrthóirí athrangaithe – Rang an ghearánaí laghdaithe ó 13 de 64 go 34 de 68 - CCR Uimh. 448 - Treoir Riaracháin Cuid 10

Fionnachtain i leith an ghearáin: Seasadh i bPáirt leis an nGearán

Rinne an Gearánaí iarratas ar ardú céime go rang "BSM/BQMS Líne/Teic Gp 1 & 2 An tArm/An tAerchór". Ar an 13 Meán Fómhair 2012, cuireadh ar a eolas gur rangaíodh é in áit 13 as 64 iarrthóir ar phainéal Óglaigh na hÉireann um ardú céime, ach ar an 6 Samhain 2012 gur athraíodh é sin go 34 as 68 iarrthóir. D'áitigh an Gearánaí go ndearnadh éagóir nuair a athraíodh a áit ar liosta Óglaigh na hÉireann ag an DCOS (Sp), a leasaíodh toisc nár chuimsigh roinnt Eagar, Eagar an Ghearánaí san áireamh, CQMS/FQMs sa liosta OF tosaigh. D'áitigh sé freisin nár chloígh an bord le téarmaí CCR Uimh. 448. Líomhain sé freisin go ndearnadh éagóir air ag beirt CONNA, a mhol, dar leis an nGearánaí, iarrthóirí neamh-incháilthe don chomórtas ardaithe céime. Mar thacaíodh dá chuid éileamh, rinne an Gearánaí tagairt do thrí Ghnáthordú Eagair (GOFF) a d'fhoilsigh GOC a Eagair, inar fógraíodh an comórtas, agus inar leagadh síos na cailíochtaí riachtanacha mar a bhí faofa ag an DCOS (Sp).

Ar an 9 Samhain 2012, chuir an Gearánaí isteach SIÉ i gcoinne an DCOS (Sp), Uachtaráin an bhoird agus OCanna an dá aonaid shonraithe ina Eagar. Mar shásamh, d'iarr an Gearánaí go gcuirfí ar ais é san áit ina raibh sé ar dtús ar liosta OF Óglaigh na hÉireann um ardú céime go rang BSM.

Ina Rialú Meáite ar an 20 Feabhra 2013, chinn an COS nach ndearnadh éagóir ar an nGearánaí maidir leis an

ábhar a ndearna sé gearán faoi. D'admhaigh an COS go raibh 'earráid riachán' san fhógra a seoladh ó EMPO maidir leis an gcomórtas ardaithe céime. Cuimsíodh an earráid ina dhiaidh sin sa Ghnáthordú inar fógraíodh an comórtas, agus ba í an éifeacht a bhí ag an earráid sin ná gur eisíodh baill foirne ón rang CQMS/FQMS ó pháirt a ghlacadh sa chomórtas um rang BSM. Dhearbhaigh an COS go raibh an fógra i gcoinne Aguisín Y de CCR Uimh. 448, inar foráladh go raibh baill foirne sa rang Sáir Comp/CQMS, a raibh an Cúrsa OCN Shinsearaigh déanta acu, incháilithe chun dul san iomaíocht don rang BSM. Nuair a fuarthas amach faoin earráid, glacadh gníomh láithreach chun déanamh cinnte go dtabharfaí deis do gach iarrthóir cáilithe dul san iomaíocht um ardú céime go BSM. Foilsíodh treoir Ó DHRMS chun na boird ábhartha a thionól arís, agus ba í an éifeacht a bhí aige sin ná gur cuireadh san áireamh ceathrar CQMS/FQMS breise ar liosta OF Óglaigh na hÉireann. Leag an COS béim ar an bpointe nach ndeachthas i gcomhairle leis an gCumann Ionadaíoch ábhartha agus gur aontaíodh leis an gcinneadh an bord ardaithe céime a thionól arís. Thug an COS faoi deara argóint an Ghearánaí gurbh ceart agallamh a chur ar na hiarrthóirí breise arís mar go raibh siad san iomaíocht ansin don rang BSM seachas BQMS. D'admhaigh an COS nár cuireadh agallamh arís ar na hiarrthóirí breise sin don rang BSM mar go raibh na hinniúlachtaí céanna don rang BSM agus BQMS leagtha amach i CCR Uimh. 448. Bhí measúnú déanta cheana ar na hiarrthóirí breise





le haghaidh na n-inniúlachtaí sin don rang BQMS agus baineadh úsáid as a gcuid marcanna measúnaithe don chomórtas BSM.

Phléigh an COS freisin le hargóint an Ghearánaí nach raibh beirt FQMSanna breise cáilithe chun dul san iomaíocht don rang BSM ós rud é nach raibh an taithí riachtanach acu sa rang BQMS. D’admhaigh an COS mar gheall ar an ‘earráid riaracháin’ sa chéad fhógra go raibh earráid i gceist freisin leis an gceanglas dhá bhliain ar a laghad de sheirbhís a bheith déanta sna ranganna CQMS & BQMS nó Sáir Comp & BQMS in éineacht a chéile, agus ceartaíodh an earráid sin ag an treoir an bord ardaithe céime a thionól arís. Agus é ag plé le háitiú an Ghearánaí nár bh cheart brath ar Chaibidil 3 de Threoir Riaracháin Cuid 10 áit arbh í CCR Uimh. 448 an cháipéis chomhaontaithe, leag an COS béis ar an bpointe go samhláitear sa dá cháipéis go mbeadh CQMS a mbeadh Cúrsa OCN Shinsearaigh déanta acu incháilíte um ardú céime go BSM, agus gur cuimsíodh CCR Uimh. 448 i dTreoir Riaracháin Cuid 10, agus é ag dul in ionad Alt 4, Caibidil 3 de sin. Mheas an COS go raibh an leasú ranga riachtanach chun déanamh cinnte go reáchtálfai an comórtas i gcomhréir le CCR Uimh. 448 agus ar mhaithé le déileáil go cóir le gach páirtí a bhí i gceist. Chinn an COS nach ndearnadh éagóir ar an nGearánaí agus nár bh cuí an sásamh a bhí iarrtha. Dhearbaigh sé go raibh an treoir an bord a thionól arís dírithe ar an earráid sa GO tosaigh a cheartú, go raibh gá le corrigendum chun na ceanglais um ardú céime a chomhlíonadh. Threoraidh sé sa chás go mbeadh gá le leasú ar GO amach anseo, go ndéanfaí corrigendum den sórt sin a fhoiliú chun trédhearcacht agus soiléire a chinntiú.

Dhearbaigh sé cé gur cuimsíodh CCR Uimh. 448 sa Treoir Riaracháin Cuid 10, gurbh ceart é a dhéanamh sular cuireadh tú leis an gcóras ardaithe céime ar mhaithé le déileáil go cóir le gach duine.

Mhathaigh an Gearánaí fós go raibh éagóir déanta air agus go raibh ‘locht bunúsach’ ar an gcomórtas mar gur baineadh úsáid as dá cháipéis nach raibh ag teacht le chéile, an CCR Uimh. 448 agus Treoir Riaracháin Cuid 10, chun critéir incháilitheachta um ardú céime go ranganna áirithe a shocrú. Ar an 4 Aibreán 2013, chuir an Gearánaí an t-ábhar faoi bhráid an ODF.

Thug an ODF faoi deara go raibh athrú suntasach tagtha ar rangú an Ghearánaí ó 13 go 34 agus gan ach ceathrar iarrthóirí breise sa chomórtas, agus mhol sé go ndéanfadh an tAire athbhreithniú ar chóras ar bith a d’fhéadfadh cur le hathrú chomh suntasach sin.

Dar leis an ODF ní raibh ról ar bith ag CCR Uimh. 448 ná Treoir Riaracháin Cuid 10 sa chreat dlíthiúil don chomórtas agus gurbh le haghaidh ‘eolais agus treorach ginearálta’ amháin iad. Bhí sé den tuairim gur cloíodh ar dtús leis an Treoir Riaracháin Cuid 10 le haghaidh chomórtas an Ghearánaí. Ba é an rún a bhí i gceist i gconaí, áfach, ná go gcloíí le CCR Uimh. 448 ina áit. Dhearbaigh na hÚdarás Mhíleata gur cloíodh le CCR Uimh. 448 agus le comhaontuithe foirmiúla le haghaidh chomórtas 2012. Chinn an ODF, áfach, nár cloíodh le CCR Uimh. 448 go dtí go raibh an chéad liosta OF foilsithe agus tar éis go bhfuarthas amach faoin ‘earráid’ maidir leis an Treoir Riaracháin Cuid 10 a chur i bhfeidhm. Bhí sé den tuairim freisin nár tugadh le fios sa CCR comhaontaithe, ná in aon cheann de na comhaontuithe neamhfhoirmiúla a bhain leis, conas a chuirfí forálacha an chomhaontaithe i bhfeidhm. Mhol sé gurbh easnamh riaracháin é sin nár bh mó do na hÚdarás Mhíleata a bhreithníú níos mó agus déileáil leis. Ghlac na hÚdarás Mhíleata ó sin gurbh é an “gníomh ceart ná téarmaí an CCR a chur isteach i dTreoir Riaracháin A Cuid 10 sula gcuirfí tú le Comórtas 2012 um Ardú Céime OCN.” Cuireadh an CCR isteach i dTreoir Riaracháin A Cuid 10 tar éis chomórtas OCN 2012, ar an 15 Samhain 2012 trí hUimhir Leasaithe 33.





Mheas ODF gurbh é an leasú sin ‘an gníomh ceart agus cuí, cé gur glacadh beagánín déanach é’ agus go raibh an mhoill mí-réasúnta.

Shocraigh an ODF go bhfuil dlínlse aige i gcúrsaí riarracháin mar go raibh spéis ag a Oifig chomh maith leis na páirtithe ábhartha go léir in easnaimh riarracháin a bhaint agus i bhfeabhsúcháin riarracháin a dhéanamh. Bhí ODF den tuairim cé go raibh gá le córas nua um ardú céime, go raibh gá le níos mó soiléire, oideachais agus oiliúna maidir leis an gcóras nua, go háirithe maidir leis na rialacha a raibh feidhm acu maidir leis an bpróiseas/an gcóras.

D’aitigh ODF d’ainneoin an ‘earráid riarracháin’ a rinneadh agus na socruithe neamhfhoirmiúla ar aontaíodh orthu chun an earráid sin a cheartú, nach raibh aon argóint ar son an Gearánaí a chur ar ais san áit ina raibh sé sna ranguithe ar dtús (sa 13ú háit).

Mhol sé freisin, ar mhaithe le ‘riarrachán cóir agus fóntha’, go dtreoródh an tAire do na hÚdarás Mhíleata agus Roinne céimeanna a ghlacadh chun déanamh cinnte nach nglacfaí gníomh de réir aon leasaithe amach anseo ar an

gcreat um ardú céime, go dtí go mbeadh sé ‘curtha i bhfeidhm’ agus trasuite sa chreat um ardú céime.

Sa deireadh, chuir ODF in iúl nach raibh aon ról aige maidir le maoirseacht ar ‘socrú’ an bheartais um ardú céime in Óglaigh na hÉireann ná i ‘socrú’ an nós imeachta dó sin, ach go bhféadfadh sé breithniú a dhéanamh ar na heasnaimh riarracháin/ar ghníomhartha a ghlac nó nár ghlac oifigigh Mhíleata agus Roinne sa chás sin.





Case Summary 7

Comórtas 2012 um Ardú Céime OCN – Ní raibh an Gearánaí sásta leis na marcanna a bronnadh ná leis na moltaí a rinneadh- Rinneadh moladh gur cheart don ghearánaí iarracht a dhéanamh níos mó seirbhise a dhéanamh thar lear d'ainneoin nach raibh siad incháilithe déanamh amhlaidh - Diúltáiodh do go leor iarratas ar sheirbhís thar lear ón ngearánaí mar go ndearna sé ionadaíocht ar Óglaigh na hÉireann i ngníomhaíochtaí spóirt - Córas athbhreithnithe um ardú céime – Dlínse ODF – Scéim R & E - Éagmair meicníochta um athbhreithniú inmhéánach – Cibé acu an bhféadfadh ionadaíocht spóirt thar lear comhionann le seirbhís thar lear – Moill - Níor cuireadh an gearán ar aghaidh mar thoradh ar mhoill ag Óglaigh na hÉireann - Cur chuige cuspóiriúil glactha i dtreo cheist dlínse na mhoille - CCR Uimh. 448 – Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, alt 6(3) agus alt 9(3)

Fionnachtain i leith an Ghearáin: Seasadh i bPáirt leis an nGearán

Bhain an gearán le riart córais um ardú céime OCN. Ní raibh an Gearánaí míshásta leis na marcanna a bronnadh air sa chomórtas um ardú céime agus sa rangú tugtha dó ina dhiaidh sin. Bhí sé míshásta freisin leis an moladh a rinneadh dó gur cheart dó smaoineamh ar thaithí a fháil i gceapacháin thar lear ar chíúnsí, áit, de bhrí a aoise, nach mbeadh sé incháilithe do sheirbhís thar lear, ach amháin dá dtabharfaí ardú céime dó agus gur diúltáiodh do líon mór iarratas uaidh chun seirbheáil thar lear roimhe sin mar go raibh sé ag déanamh ionadaíochta ar Óglaigh na hÉireann in imeachtaí spóirt. D'áitigh an Gearánaí nár thóg an bord ardaithe céime san áireamh na cúinsí a bhí freagrach as an teorainn lena chuid turas dualgais thar lear. D'áitigh sé freisin gur léirigh an bord nach raibh tuiscint dá laghad aige ar an timpeallacht rialála do bhaill foirne os ciorn 50 bliana d'aois sa rang Sáirsint agus go raibh an moladh go ndéanfadh sé seirbhís thar lear an-mhaslach dó agus nár léirigh sé ar chor ar bith a ról in Óglaigh na hÉireann le 36 bliana anuas.

Bhí an gearán seo i measc líon mór gearán a fuair ODF ó OCNanna Óglaigh na hÉireann tar éis gur reáchtáladh roinnt comórtas ardaithe céime um ardú céime don rang OCN Sáirsint agus do rang OCN níos airde i rith 2012, de bhun córais athbhreithnithe um ardú céime. I gcásanna eile, thagair ODF do cheisteanna maidir le tabhairt isteach an chórais nua sin um ardú céime agus an mhainneachtain é sin a chur ar bhonn dlí cuí nuair a reáchtáladh comórtais ardaithe céime agus gur ardaíodh na ceisteanna céanna sa ghearán seo.

Ní mór a thabhairt faoi deara gur thug na forálacha nua um ardú céime atá cuimsithe i CCR Uimh. 448 le fios go mbainfí d'fhorbairt ghairme in Óglaigh na hÉireann mura mbeadh taifead de sheirbhís thar lear i gceist.

Bhí an MIO den tuairim maidir leis an mbord ‘nár dhírigh sé ar an méid a bhí san fhochomhad um ardú céime ina raibh na AF 667As le haghaidh na dturas thar lear a bhí déanta ag an nGearánaí’ seachas ar chuntas ar na fáthanna nach raibh turais eile déanta aige. Thug an COS faoi deara freisin gur tugadh deis don Ghearánaí uiríll scríofa a dhéanamh don bhord roimh an measúnú comhaid. De bhun iarratais ón ODF, thug an COS faoi deara ‘mar gheall ar iomláine na taithí agus na seirbhise mileata a bhí déanta ag an mbord’ dar leis ‘gurbh mór an deis go mbeadh tuiscint ag an mbord ar na teorannacha aoise um sheirbhís thar lear le haghaidh ranganna éagsúla Óglaigh na hÉireann ag an am’ Chuir sé in iúl gurbh é a ‘thuairim gurbh ceart don bhord smaoineamh faoin bhfíric sin agus iad ag déanamh moltaí’.

Chuige sin, threorraigh an COS go n-admhódh Uachtaráin an bhoird don Ghearánaí gur mainníodh moltaí ábhartha a dhéanamh um forbairt. Mar thoradh air sin scríobh an tUachtaráin chuig an nGearánaí agus é ag admháil “nach raibh mórán tábhachta ag baint leis an gcomhairle ar fhorbairt ghairme a cuireadh ar an nGearánaí nuair a tháinig an comórtas ardaithe céime chun críche, go háirithe maidir le seirbhís thar lear, ós rud é nach mbeadh sé in ann seirbhís thar lear a fháil mar thoradh ar fhorálacha rialála







a chuir cosc ar sheirbhís ar bhunúis aoise.”
Shonraigh sé freisin maidir leis an mbord “go dtuigeann an bord an frustrachas agus an trína chéile a bhí mar thoradh air sin agus gur mian leis dearbhú nach raibh sé de rún ag an mbord go mbeadh an frustrachas ná trína chéile sin air”.

Thug an ODF faoi deara gur thug an COS treoir d’Uachtarán an Bhoird agus gur thug an tUachtarán admháil don Ghearánaí agus mhol sé iad beirt as an admháil sin a thabhairt don Ghearánaí. D’ainneoin na hadmhála sin, sheas ODF leis an ngné sin de ghearán an ghearánaí. Is mó is cosúil go raibh gníomh an bhoird chuige sin bunaithe ar eolas earráideach nó neamhionlán nó go raibh sé i gcoinne riarcháin chóra nó fhóntha ar bhealach eile.

Chuir an ODF ceist freisin an raibh seirbhís thar lear a d’fhéadfadh nó arbh cheart don bhord a thógál san áireamh i gceist le dul san iomaíocht in imeachtaí den sórt sin. D’fhreagair na hÚdarás Mhíleata gurb í ‘Seirbhís Thar Lear a réitíonn leis an sainmhíniú mar atá leagtha amach in Alt 1004.c. de Threoir Riaracháin CS 5 an cineál seirbhise a ndéanfaí a mheas ag gach bord ardaithe céime.’ Bunaithe ar an eolas sin, is cosúil nach bhféadfadh an bord rannpháirtíocht spóirt mhíleata an Ghearánaí thar lear a thógál san áireamh mar sheirbhís thar lear.

Cuireadh in iúl freisin d’ODF go raibh cead ag iarrthóirí aighneachtaí a chur faoi bhráid an bhoird maidir le hAguisín VW roimh an agallamh agus go bhféadfadh siad aon chuínsí speisialta a phlé leis an mbord i rith agallamh, de réir mar a mheasfad siad a bheith cuí. Cuireadh in iúl don ODF nár chomhlánaigh an gearánaí an tAguisín sin. Ar chuínsí nár cuireadh a chuid cúinsí speisialta faoi bhráid an bhoird ag an nGearánaí le go bhféadfadh sé iad a bhreithniú, agus an deis tugtha dó déanamh amhlaidh, ní fhéadfaí seasamh lena chuid agóidí chuige sin. Ní fhéadfad ODF locht a fháil ar thuairim an bhoird maidir le fiúntas an ghearánaí vis-a-vis iarrthóirí eile, maidir lena ghearán gur measadh faoina luach an ról a bhí glactha aige in Óglach na hÉireann.

Tuigeann ODF go maith an díomá a bheadh ar iarrthóir a raibh taifead seirbhise den scoth agus taithí fhada aige mar a bhí ag an nGearánaí nuair

nár éirigh leis sa chineál nua sin de chomórtas ardaithe céime a bhí bunaithe ar inniúlacht. Is léir gurbh OCN dea-cháilithe agus oilte a bhí sa Ghearánaí. Nuair a reáchtáladh an comórtas a bhí i gceist, bhí tríocha-sí bliana de sheirbhís déanta aige, bhí sé sa rang Sáirsint agus bhí sé sa rang ‘Gníomhach’ a raibh sé dírithe air, ó am go chéile ar feadh thart ar chúig bliana. Léirigh a chuid eispéireas sa rang níos airde go raibh ardmheas ag na baill foirne a bhí os a chionn, agus a raibh cur amach acu ar a chuid cumas, ar an nGearánaí Bhí sé réasúnta, ar na cúinsí sin, go bhféadfadh an Gearánaí a bheith ag súil leis go molfaí um ardú céime é, ar feadh na dá bliana eile de sheirbhís a bhí fágtha aige roimh scor, don rang substainteach a bhí aige roimhe sin i gcáil ghníomhach agus sa bhaile agus é i mbun a dhualgais ba dheireanaí thar lear. Tá sé éasca, sa chomhthéacs sin, a thuisint go mbeadh díomá ar an Gearánaí leis an áit a tugadh dó ar an OF, agus leis na marcanna a bhronn an bord air. Rud a bhí níos éasca le tuiscint, áfach, ná a thuairim go raibh tráchta an bhoird maslach dó.

Chuige sin, cé gur chinn ODF nach ndearna an bord earráid nuair a mhainnígh sé na factóirí éagsúla a bhíonn freagrach as líon teoranta turas thar lear a thógál san áireamh, ós rud é nach ndearnadh foráil dó sna socruthe comhaontaithe um ardú céime, thacaigh an Gearánaí le hiarratas an Ghearánaí go ndéanfadh na moltáí a rinne an bord dá fhobairt a scrios óna Aguisín 1 go hAguisín ‘EE’ fiú agus é imithe ar scor anois. Mhol ODF freisin go ngabhfadhl Údarás Míleata oiriúnach leithscéal i scríobh arís leis an ngearánaí maidir le moladh míchuí an bhord ardaithe céime um fhobairt ghaarme.

Freisin chuir ODF in iúl go raibh sé den tuairim gurbh cheart go mbeadh cineál de chórás achomhairc ann um athbhreithniú riarcháin le haghaidh na dtorthaí ar Chomórtais Ardaithe Céime OCN agus gur admhaíodh é sin ag an COS. Mar a admhaíodh roimhe seo, áfach, aontaítear gur ábhar é aon achomharc nó athbhreithniú den sórt sin le breithniú laistigh de R&E agus nach bhfuil sé laistigh de dhlínse an ODF. D’ainneoin sin, molann ODF gurbh é is dóichí go mbeadh aon chórás nua um ardú céime ná córas roghnaithe eile, a chuirfeadh cosc, trína chuid próiseas agus nósanna imeachta riarcháin,





ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

ar iarrthóir óna c(h)uid cúinsí speisialta nó áirithe faoi leith a chur faoina bhráid le breithniú, mar rogha eile in áit taithí áirithe iarrtha, agus mar sin a bhainfeadh ó dheiseanna ardaithe céime nó ó dheiseanna gairme eile, ar bhonn a t(h)aithí teoranta dá bharr, “bunaithe ar chleachtas riarcháin míchuí”, “go ndéanfaí idirdhealú nár bhceart leis” nó “go mbeadh sé i gcoinne riarcháin chóra nó fhóntha ar bhealach eile”, d’ainneoin nach raibh aon drochrún i gceist.

Freisin ardaíodh leis an ngearán ceist na moille. Tar éis gur iarradh go gcuirfí an t-ábhar faoi bhráid ODF tharla moill de 6 mhí nach raibh neart ar bith ag an nGearánaí uirthi agus a bhí inchurtha go hiomlán i leith ghníomhartha na n-Údarás Míleata. Chuir na hÚdarás Mhíleata in iúl go raibh aiféala orthu faoin moill sin agus cúrsái earráide riarcháin agus foirne lúaite acu. Mar gheall ar an moill sin, áfach, agus forálacha alt 6(3) d’Acht 2004 á léirmhíniú go docht, d’fhéadfadh gur cuireadh an gearán sin lasmuigh de dhlínse ODF agus gur éagóir a bhí i gceist ansin. Chun críocha an cheist seo a bhrefthniú, bhain ODF tréimhse iomlán na moille a bhí curtha i leith Óglaigh na hÉireann ón uair a ndearna an Gearánaí iarratas go gcuirfí a ghearán faoi bhráid ODF agus níor chuir na hÚdarás Mhíleata i gcoinne an léirmhínithe chuspóiriúil sin ar na forálacha i leith an teorainn ama sa chás seo.

D’ainneoin sin, ghabh ODF leithscéal ó chroí leis an nGearánaí as an moill lena ghearán a thógáil go céim na Tuarascála Deireanaí, mar gheall ar chuíseanna nach raibh neart aige orthu.

Mar fhreagra ar an díomá a bhí curtha in iúl ag an nGearánaí mar nár chuir ODF agallamh air i bpearsa, tugann ODF faoi deara go ndéileálann a thuarascáil le gach gné den ghearán. Ullmhaíodh freisin é agus alt 9(3) d’Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 á thógáil san áireamh, san alt sin déantar foráil mar seo a leanas,

‘Nach mór go mbeadh an nós imeachta chun imscrídú a dhéanamh, faoi réir aon rialacháin faoi fho-alt (5), mar a mheasfadhb an tOmbudsman a bheith cuí, agus na cúinsí go léir atá i gceist á dtogáil san áireamh.’



Ag féachaint chuig an ngearán sonrach agus soiléir a chuir an Gearánaí isteach agus na tuarascálacha imscrúdaithe soiléire agus sonracha a chuir na hÚdarás Mhíleata ar leibhéal éagsúla ar fáil, measadh nach raibh gá agallamh a chur ar na páirtithe sa ghearán seo.

Mhol an ODF freisin go gcuirfí an cheist seo a leanas ar na hÚdarás Mhíleata agus ar an Roinn Cosanta:-

“An raibh sé cóir, ó thaobh riarcháin, don Ghearánaí i 2012, tar éis dó beagnach tríocha-cúig bliana de sheirbhís dhílis agus chéimiúil a thabhairt, go ndearnadh athrú ar na critéir um ardú céime, agus mar sin gur baineadh óna chuid deiseanna um ardú céime breise, mar gheall ar a easpa seirbhíse thar lear roimhe sin sna 1980í agus 1990í, ar chúinsí inar dhiúltaigh údarás mhíleata arda do roinnt iarratas ar sheirbhís thar lear dá chuid ionas go mbeadh an Gearánaí ar fáil chun ionadaíocht a dhéanamh ar Óglaigh na hÉireann i bPeantatlain Mhíleata thar lear agus é cruthaithe aige, roinnt uaireanta ar feadh tréimhsí de chúig bliana san iomlán go raibh sé oiriúnach agus cumasach maidir le hardú céime do na ranganna níos airde sa bhaile agus i mbun seirbhíse thar lear i 2004 chomh maith?”

Mura bhfuil an tAire cinnte go raibh na socruithe athbhreithnithe cóir ó thaobh riarcháin sna cúinsí thusa, molann ODF go n-iarrfadhb sé tuilleadh eolais maidir le haon rogha atá aige anois i dtaobh an Ghearánaí sa chás seo.





Achoimre Cáis 8

Na hÓglaigh Chúltaca – “Riail 15 bliana” - Cuireadh in iúl don ghearánaí gur tugadh ardú céime dó – Níor tugadh ardú céime i ndáiríre – Ionchas dlísteach - Cibé acu an raibh ardú céime “uathfheidhmeach” tacaithe ag forálacha riacháin– Mainneachtain forálacha riacháin a chur i bhfeidhm i gceart - DFR R5 alt 31 (2) agus (3) - Treoir Riacháin R5 Alt 76a

Fionnachtain i leith an Gheatáin: Níor Seasadh leis an nGearán

Bhain an gearán seo le hoifgeach ó na hÓglaigh Chúltaca a raibh seirbhís fhada tugtha aige. Cuireadh in iúl dó i 2009 gur chomhlón sé na critéir um cheapachán faoin riail 15 bliana, ach mar gheall ar moratóir ardaithe céime in Óglaigh na hÉireann, nach raibh aon ardú céime ar fáil. Moladh dó fanacht go gcuirfí deireadh leis an moratóir.

I Mártas 2012, insíodh don Gearánaí go raibh trí dheis ann um ardú céime go Capt. ina Eagar féin. Cuireadh in iúl dó ina dhiaidh sin, i nglaor teileafóin ó OCN sóiseacharach i nGníosheomra a eagair i mí Iúil na bliana céanna, gur deonaíodh a ardú céime, agus go raibh sé chun a mharcanna ranga a chur suas ón lá sin ar aghaidh. Eisíodh marcanna ranga ar an nGearánaí ceithre seachtaine ina dhiaidh sin agus d'fhreastail sé ar Champa Traenála agus marcanna ranga á gcaitheamh aige ach thug sé faoi deara ina dhiaidh sin gur íocadh mar Lt. é. I bhFeabhra 2013 fuair an Gearánaí amach go hoifigiúil, gurbh Lt. é fós agus nár tugadh ardú céime dó mar a insíodh dó roimhe sin.

Cé gur áitigh an Gearánaí gur “tugadh ordú” dó marcanna ranga an Chaptaein a chaitheamh níor ghlac ODF leis gur thug Oifigeach Uachtarach ordú dlíthiúil dó déanamh amhlaidh. Mar fhreagra air sin, chuir Gearánaí litir ar fáil ó chomhghleacaí i rang cosúil sa mhéid is gur thug seisean chomh maith an ‘treoir’ óna CO mar a tugadh ag OCN sóiseacharach mar ‘ordú [dó] marcanna Ranga a fháil agus dul i mbun dhualgas Capt.’ Cé nach raibh amhras ar ODF maidir le macántacht ceachtar oifigigh, níor ghlac ODF leis gur eisíodh ordú dlíthiúil don Gearánaí sa chomhrá teileafóin idir an tOCN sóiseacharach agus an Gearánaí. Is léir d’ODF, áfach, gurbh amhlaidh gur inis an té a chuir glao teileafóin air don Gearánaí go raibh ardú céime tugtha aige láithreach.

Rud eile a chuir isteach ar an nGearánaí ná go raibh

oifigeach ainmnithe eile “ar insíodh dó go raibh ardú céime tugtha dó” chomh maith. Shonraigh an Gearánaí go raibh an t-oifigeach eile sin fós ag caitheamh mharcanna ranga don rang níos airde agus go raibh tagairt á déanamh dó leis an rang níos airde i gcáipéisí airm. Shonraigh an Gearánaí freisin gur chuir a CO in iúl dó nach raibh ardú céime tugtha don oifigeach eile agus gur Lt é fós, cé nár glacadh aon ghníomh eile chuige sin. Cé gur chuir an t-eolas sin imní ar ODF, is ceart go bhfuil sé ina ábhar um ghníomh práinneach ag na hÚdarás Mhileata chuí seachas gníomh laistigh de dhlínse ODF.

Chuir an ODF ceist cén fáth nár cuireadh túis leis an bpróiseas um ardú céime cothrom 15 bliana ó choimisiúnú an Gearánaí, i Samhain 2008. Insíodh dó nár chomhlón an Gearánaí na critéir um ardú céime ag an am sin mar nach raibh an ceanglas bliantúil traenála comhlíonta aige. Is ar an drochuair a tharla sé sin má is cosúil dá mbeadh an ceanglas traenála comhlíonta aige go dtabharfaí ardú céime dó i 2008. Mar gheall ar an ‘moratóir’ ar ardú céime a tugadh isteach i Mártas 2009 agus a lean ar aghaidh ar feadh roinnt ama, cuireadh bac eile lena ardú céime cé go raibh na critéir comhlíonta aige.

Ina dhiaidh sin tháinig sé chun solais gur eisigh DCOS (Sp) treoir ar dháta nár sonraíodh ‘nach raibh aon ardú céime eile le déanamh sna hÓglaigh Chúltaca (RDF) i bhfianaise an Tuarascáil ar VFM sa RDF a bhí le teacht. Cé gur tharla idirchaidreamh idir iar-Eagar an Gearánaí agus COMO mar iarracht na harduithe céime a chur ar aghaidh, níor chuir COMO ar eolas d'Eagar an Gearánaí gur tugadh ardú céime go Capt.’ Cé gur cosúil gur foilsíodh na hIrisí RDF i rith 2012, níor foilsíodh aon ardú céime ó Lt go Capt uair ar bith an bhliain sin. I rith an athbhreithnithe, fuair an ODF go raibh an Gearánaí ceart agus an tuairim aige nár bh gá go



ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

mbeadh folúntas i mbunaíochtaí ag an am mar go bhféadfadh ardú céime foruimhreach a thabhairt dó go bunaíochtaí i gcomhréir le DFR R 5, alt 31(3). Nuair a cuireadh ar an eolas é faoin ardú céime, chuir an Gearánaí suas a chuid marcanna ranga agus ghlac sé páirt mar Chptaen sna paráidí le haghaidh oiliúna. Aithníodh i gcruiinnrollaí a eagair go raibh ardú céime tugtha dó. Ina dhiaidh sin, insíodh don Ghearánaí nach raibh ardú céime go Captaen tugtha dó D'fhoghlaím sé faoi sin, ar a dhéanaí, ar dháta anaithnid idir Samhain 2012 agus an 14 Feabhra 2013. Shonraigh an Gearánaí gur chuir sé sin náire air mar oifigeach seirbhéala agus ina ghairm shibhialta agus ina chlann.

Mhol an MIO gur cheart ardú céime an Ghearánaí a dhearbhú mar go raibh 'ionchas dlisteanach' aige go dtabharfaí ardú céime go Capt. dó agus gur tugadh an t-ardú céime sin dó. Níor aontaigh OC an Ghearánaí le conclúidí Thuarascáil an MIO agus bhí sé den tuairim nach ndearnadh éagóir ar an nGearánaí. Thagair sé d'fhorálacha Treoir Riaracháin R 5, Alt 76a inar foráladh nach mór go mbeadh moladh an COS ag oifigigh atá ag iarráidh ardú céime ó rang Lt. go Capt. sa RD (is cosúil gurb í an fhoráil ábhartha ná Alt 76.c. agus is cosúil nach samhlaítear comórtas ardaithe céime agus nach bhfuil sé ina cheangal san alt sin) Thagair sé freisin do ríomhphost den dáta an 27 Lúnasa 2012 ó oifigeach i gCeanncheathrú RDF an Eagair chug aonad an Ghearánaí ina "luaitear go sonrach nár tugadh feidhm don ardú céime." Shonraigh an tEagar OC freisin gurbh oth leis gur tharla míchumarsáid agus mar thoradh uirthi gur chreid an Gearánaí go raibh ardú céime tugtha dó, ach gurb iad na cáipéisí uileghabhálacha sa chás seo ná Treoir Riaracháin R5 agus litir riarcháin an DHRB ón 16 Iúil 2013. Dúirt sé go ndeachaigh na cáipéisí sin in ionad aon treoracha a d'fhéadfadh a bheith tugtha don Ghearánaí. Ní raibh an Gearánaí sásta leis an bhfionnachtain sin agus cuireadh an SIÉ faoi bhráid an COS.

Thug an COS faoi deara maidir leis an bhforáil ábhartha i DFR R 5, Alt 31(2) go raibh sé ina cheangal dá réir mbeadh moladh an COS, i measc critéar eile, i bhfeidhm. Thug an COS faoi deara maidir leis an gcás sin nár thug an COS moladh agus mar sin, nach bhféadfai ardú céime a thabhairt don Ghearánaí. Chinn an COS maidir leis an gceist atá ag croílár a ghearán, a ardú céime, nach

ndearadh éagóir ar an nGearánaí.

Tar éis focail an DFR maidir leis na forálacha um 'chúig bliana déag' de 'sheirbhís' in alt 31(2) a mheas go cúramach, d'aontaigh ODF le tuairim an COS. Chreid an ODF nár chomhlíon an gearánaí na critéir um ardú céime a bhí leagtha síos, gan mholadh an COS, is cuma faoina chuid seirbhíse agus nár bh fhéidir ardú céime a thabhairt dó de bhun alt 31(2) den DFR. Mar ábhar ar leithligh, dúirt an COS freisin mar gheall ar atheagrú an RDF nach raibh aon ardú céime d'oifigigh ceadaithe sa RDF agus, mar sin, nach bhféadfadh sé an sásamh a bhí iarrtha ag an nGearánaí a dheonú.

Freisin chuir an COS in iúl go raibh díomá air gur insíodh don Ghearánaí go raibh ardú céime tugtha dó, gur tugadh marcanna ranga dó agus gur fhreastail sé ar imeachtaí RDF agus marcanna ranga Captaein á gcaitheamh aige. Ní raibh an COS in ann teacht ar aon mhíniú sásúil leis an earráid riarcháin sin. Thug sé le fios freisin go raibh sé ag lorg míniú iomlán maidir le conas a tharla sé sin agus conas a bhíothas chun a leithéid a sheachaint amach anseo. Mheas sé nár bh sásúil na cúinsí a tháinig chun cinn don Ghearánaí. Mar thoradh air sin, bhí an COS ag lorg mínithe ón GOC ábhartha a bhfuil céimeanna glactha acu ó sin chun nach n-eiseofaí cumarsáid maidir le hardú céime sula mbeadh údarás tugtha ag an údarás cuí.

D'aontaigh ODF le tuairim an COS nár bh sásúil an méid a tharla don Ghearánaí agus mhol sé go ndéanfadh na húdaráis mhíleata tuilleadh machnaimh ar na fáthanna leis agus gach céim is gá a ghlacadh chun nach dtarlódh a leithéid arís amach anseo. Níor sheas ODF, áfach, le hargóint an Ghearánaí gur tugadh nó gurbh cheart gur tugadh ardú céime dó. Chinn an ODF go bhféadfai a bheith ag síul go réasúnta go mbeadh an Gearánaí, mar gheall ar a rang agus a chuid seirbhíse fairsinge, ar a eolas faoi na seacht gcoinníoll, atá sonraithe i DFR R 5, alt 31(2), dá ardú céime chuig an gcéad rang eile nár bh mór a bheith comhlíonta sula bhféadfadh an tAire ardú céime a thabhairt dó agus go raibh nó gurbh cheart go mbeadh a fhios aige nach bhféadfai ardú céime a thabhairt dó go mbeadh gach coinníoll sásaithe agus ba é fírinne an scéil nach raibh ardú céime tugtha dó. Cé go raibh sé i dteideal go réasúnta ag an nGearánaí glacadh leis ar dtús gurbh fíor an t-eolas a tugadh dó ar an 31 Iúil 2012, sa mhéid is go raibh ardú céime tugtha dó, bheadh sé críonna fanacht le dearbhú scríofa agus/nó go





ndéanfaí leasú Irise nó go mbeadh Gnáthorduithe foilsithe sula nglacfad sé gníomh de réir an eolais bhéil a fuair sé ó OCN sóisearach agus a CO. Gach seans go raibh an Gearánaí ag súil go macánta le hardú céime ar nó thart ar an 31 Iúil 2012, ar bhonn fhórálacha alt 31(2) de DFR R 5, an t-eolas a fuair sé roimhe sin go dtabharfaí ardú céime dó, moltaí a CO agus GOC dá ardú céime, agus an fhíric go raibh sé i mbun seirbhíse mar oifigeach coimisiúnaithe le naoi mbliana déag agus an t-eolas a tugadh dó ó OCN a aonaid agus a CO ar an 31 Iúil 2012 go raibh ardú céime tugtha dó. D'ainneoin é sin go léir, áfach, ní raibh ionchas dlíteanach aige nó ní fhéadfadh ionchas dlíteanach a bheith aige maidir le hardú céime den sórt sin, agus téarmaí an chreat ardaithe céime le haghaidh oifigigh an ODF á dtogáil san áireamh, mar a chuirtear síos orthu thuas, agus go háirithe an fasach i leith coinníollacha neamhchomhlíonta atá sonraithe in alt 31(2) de DFR R 5.

D'fhéadfaí freisin 'drochriarachán' a chur ar an ngníomh a glacadh nuair a insíodh don Ghearánaí go raibh ardú céime tugtha dó cé gurbh amhlaidh nár tugadh ardú céime dó. Chuige sin, mhol an ODF go scriobhfadhl na húdaráis mhíleata chuig an nGearánaí agus iad ag cur in iúl go raibh aiféala

orthu as an drochriarachán a tharla. D'fhéadfadh go gclúdódh aon léiriú aiféala den sórt sin an náire a cuireadh ar an nGearánaí ina shaol gairmiúil nó príobháideach, cé gur thug ODF faoi deara nach ndearnadh aon iarracht an náire sin a mhaolú. Ba cheart do na húdaráis mhíleata freisin aitheantas agus moladh a thabhairt don Ghearánaí as a chuid ama phríobháidigh agus phearsanta a thabhairt go flaithiúil i mbun seirbhíse deonaí don Stát le linn a thréimhse fada de sheirbhís. Is cosúil go bhféadfadhl go mbeadh an Gearánaí fós incháilithe d'ardú céime de bhun fhórálacha an DFR a ndearnadh tagairt dó thuas, faoi aon chatagóir amháin nó níos mó catagóirí. Más amhlaidh, molann ODF go gcuirfí an Gearánaí ar a eolas faoi sin agus go n-inseofaí dó faoi aon choinníollacha nach mór dó a chomhlíonadh sula bhféadfaí ardú céime den sórt sin a thabhairt. Mhol ODF freisin go ndéanfaí an tábhar a bhreithniú níos mó ag na húdaráis mhíleata agus iad ag féachaint chuig ábhar na tuarascála seo. I rith an athbhreithnithe ar na forálacha atá mar bhonn don ardú céime atá i gceist, thug ODF faoi deara freisin nach raibh an frásá "Oifigigh um Ardú Céime Uathfheidhmeach a coimisiúnaíodh iad ar nó roimh an 01 Deireadh Fómhair 2005" sa Treoir Riaracháin cuimsithe sa DFR. Mar sin, is cosúil nach bhfuil aon cheart ná teidlíocht a d'fhéadfaí a





ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

thuiscent as an bhforáil sin sa Treoir Riaracháin, údaraithe ag an Reacht ná an DFR. Mar sin bhí ODF den tuairim nach bhféadfaí brath ar fhórálacha an Treoir Riaracháin le tacú le héileamh ar ‘theidlíocht’ “ardú céime uathfheidhmeach” a fháil. Cé go bhféadfadh go raibh rún soiléir i gceist, níor cuireadh ina luí ar ODF go raibh feidhm tugtha do shocruithe athbhreithnithe beartaithe na Roinne um ardú céime, cibé acu gur aontaíodh nó nár aontaíodh laistigh de Scéim R&E iad, tar éis dóibh a bheith trasuite sa chreat ardaithe céime mar a bhí amhlaidh ag an am.

Cheistigh an ODF an ndearnadh foráil leis an bhfocal “feadfaidh/(may)” in alt 31. (2), DFR R5 do chleachtadh ‘éigeantach’ nó ‘roghnach’ cumhachta chun ardú céime a thabhairt do dhuine a chomhlíonfadh na coinníollacha go léir san fhasach a foráladh dó in alt 31. (2). Ós rud é gur bhain sé le forálacha alt 31. (3) den DFR le ceannteideal Alt 76C ón Treoir Riaracháin R5, “Oifigigh um Ardú Céime coimisiúnaithe ar nó roimh an 01 Deireadh Fómhair 2005”, d’fhéadfaí an focal “feadfaidh/(may)” nó a thuiscint mar “ní mór (shall)”. Tar éis dó é a bhreithniú níos mó, áfach, chinn ODF go raibh an pointe sin ‘neamhábhartha’ áit nach raibh an ‘moladh’ riachtanach ón COS ag an nGearánaí. Dá réir sin, níorbh gá an freagra cuí ar an gceist a bhreithniú nó a shocrú níos mó.

Thug ODF faoi deara freisin an ceanglas riaracháin “nach mór feidhm a thabhairt d’ardú céime den sórt sin agus úsáid á baint as AF 384” agus an fhíric nár éascaigh an AF 384 a úsáideadh i gcás an Ghearánaí deimhniú ná dearbhú go raibh na seacht gcoinníoll

atá sonraithe i DFR R5 alt 31(2) comhlíonta ag an nGearánaí. Ba chosúil dar leis an ODF, dá leanfaí ar aghaidh ag baint úsáide as an AF sin, mar a fhóráiltear dó sa Treoir Riaracháin, go mbeadh sé críonna ó thaobh riaracháin í a athdhréachtú chun deimhniú go raibh na coinníollacha éilithe go léir comhlíonta a chur san áireamh inti. In éagmás deimhniithe den sórt sin, ní féidir talamh slán a dhéanamh de go raibh moladh éilithe an COS déanta cheana féin.

Thug ODF faoi deara freisin gurbh ceart an gearán a chur faoi bhráid Oifigeach Ceannais an Ghearánaí, seachas dá Cheannasaí Complachta, mar a fhóráiltear dó san Acht Cosanta. D’fhreagair an Gearánaí go raibh sé ag brath ar leabhrán eolais chuige sin. Anois tá meabhrúchán eisithe ag na hÚdaráis Mhileata chuig gach Briogáid/Eagar maidir leis na nósanna imeachta cearta.





ODF

Tuarascáil Bhliantúil 2016

5 Gnóthaí Corparáideacha

Baill Foirne

Seo a leanas baill foirne an ODF:

- Brian O'Neill, Ceann Oifige
- Michael O'Flaherty, Bainisteoir Cáis
- Lauren O'Donovan, Cúntóir Riaracháin

Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Cosúil le hOifigí eile atá maoinithe go poiblí, rinne an ODF athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha i 2016. Cuireadh an t-athbhreithniú sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá córas buiséadach cuimsitheach i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ráithiúil ar threochtaí caiteachais i dteannta le cuntasóirí seachtracha an ODF.

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an ODF cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go gcuirtear forálacha faoi rúndacht faisnéise i bhfeidhm ar an ODF faoi alt 10 d'Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 mar seo a leanas:

- 10.— (1) Níl cead ag an Ombudsman ná ball foirne in oifig an Ombudsman (oifigeach imscrúdaithe san áireamh) aon fhaisnéis, cháipéis, cuid de cháipéis nó rud faigte ag an Ombudsman nó oifigeach imscrúdaithe le linn nó chun críocha réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoin Acht seo a noctadh
 - (a) an réamhscrúdaithe nó an imscrúdaithe atá i gceist,
 - (b) aon ráiteas, tuairisc nó fógra a thabhairt faoin réamhscrúdú nó imscrúdú sin i gcomhréir leis an Acht seo





ODF
Tuarascáil Bhliantúil 2016

- (c) imeachtaí i gcomhar ceana faoin Acht um Rún Oifigiúla 1963 atá líomhanta a bheith déanta i dtaobh faisnéise nó cáipéise, cuid de cháipéis nó rud arna fháil ag an Ombudsman nó oifgeach imscrúdaithe de bhrí an Acharta seo
- (2) Níl cead iarraidh ar an Ombudsman ná ar bhall fairne in oifig an Ombudsman (oifgeach imscrúdaithe san áireamh) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí, seachas imeachtaí a bhfuil tagairt dóibh i *bhfo-alt (1)(c)*, faoi ábhair a fhoghlaimíonn sé/sí fúthu réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoin Acht seo.
- (3) (a) Féadfaidh an tAire fógra a thabhairt i scriobh don Ombudsman, i dtaobh aon cháipéise, cuid de cháipéis faisnéis nó rud atá sonraithe san fhógra, ní in aon saghas cáipéise, cuid de cháipéis, faisnéis nó rud atá sonraithe amhlaidh, go bhfuil, dar leis an Aire noctadh (seachas don Ombudsman nó do bhall fairne dá c(h)uid agus oifgeach imscrúdaithe san áireamh na cáipéise sin ná an chuid sin de cháipéis, na faisnéise sin an rud sin, ná cáipéisí, codanna de cháipéis, faisnéis nó rudaí den saghas sin ar na cúiseanna atá sonraithe san fhógra, chun dochair leas ná slándáil an phobail
- (b) Áit a dtugtar fógra san fho-alt seo níl cead rud ar bith san Acht seo mar údarás a thabhairt don Ombudsman ná ceangal a chur orthu eolas a thabhairt do dhuine ar bith ná le haghaidh cuspóra ar bith, aon cháipéis, cuid de cháipéis, faisnéis nó rud atá sonraithe san fhógra ná aon cháipéis cuid de cháipéis faisnéis nó rud de shaghas atá sonraithe amhlaidh
- (4) Áit a dtugtar fógra faoi fho-alt (3)(a), níl cead ag an Ombudsman ná ball fairne de chuid an Ombudsman (oifgeach imscrúdaithe san áireamh) aon cheann de na nithe seo a leanas a noctadh—
 (a) cáipéis, cuid de cháipéis, faisnéis nó rud





- atá sonraithe san fhógra, nó saghas cáipeise, cuid de cháipéis, faisnéis nó rud atá sonraithe san fhógra
- (b) do dhuine ar bith ná le haghaidh cuspóra ar bith agus níl cead é a léirthuiscent mar údarás a thabhairt do nó ceangal a chur ar an Ombudsman ná bhall fairne de chuid an Ombudsman (oifigeach imscrúdaithe san áireamh) a nochtadh do dhuine ar bith ná le haghaidh cuspóra ar bith in alt (a) nó (b).

Comhairle Barra na hÉireann

Tá an ODF cláraithe faoin Scéim um Rochtaí Ghairmiúil Dhíreach de chuid Chomhairle Barra na hÉireann. Baineann an ODF úsáid as seirbhísí abhcóide chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid cháis ar chuínsí cuí.

Sláinte & Sábháilteachta

Tá Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm ag an ODF. Is í an Roinn Gnóthaí Eacúchacha agus Trádála, go príomha, atá freagrach as an mBeartas Sláinte & Sábháilteachta maidir leis an bhfoirgneamh a bhfuil an ODF lonnaithe ann.

Saoráil Faisnéise

Faoi fhórálacha an Acharta um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014 tá sé de cheart ag daoine aonair:

- Rochtaí a fháil ar thaifid atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlacthaí poiblí áirithe, an ODF san áireamh;
- Iarraidh go gceartófaí faisnéis phearsanta a bhaineann le duine aonair atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlacthaí poiblí áirithe, an ODF san áireamh, áit a bhfuil an faisnéis míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;
- Cúiseanna a fháil le cinneadh arna dhéanamh ag Roinn Rialtais nó comhlacthaí poiblí áirithe, an ODF san áireamh, áit a mbíonn tionchar ag an gcinneadh ar an duine aonair sin.

Cén taifid ar féidir liom a iarraidh faoi FOI?

Faoi réir fhórálacha Acharta um Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 a dtugtar sonrai faoi thíos, is féidir le duine aonair na taifid seo a leanas atá i

seilbh an ODF a iarraidh:

- Aon taifead a bhaineann go pearsanta le duine aonair, pé uair gur cruthaíodh iad;
- Aon taifid eile a cruthaíodh ó bunáodh an ODF i mí na Nollag 2005.

Is é is féidir a bheith i gceist le ‘taifead’ na cáipéis pháipéir, faisnéis á coimeád go leictreonach, asphriontaí, pleannanna, mircéascannán, etc.

Faisnéis atá eisiata faoi Alt 10 d'Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004

In Alt 10 déileáiltear le rúndacht faisnéise arna bailiú ag an ODF maidir le gearáin fiosraithe ná á bhfiosrú. Sonraítear inti:

- 10.— (1) Níl cead ag an Ombudsman ná ball fairne in oifig an Ombudsman (oifigeach imscrúdaithe san áireamh) aon fhaisnéis, cháipéis, cuid de cháipéis ná rud faigte ag an Ombudsman ná oifigeach imscrúdaithe le linn ná chun críocha-
- (a) réamh-imscrúdaithe ná imscrúdaithe faoin Acht seo a nochtadh ach amháin chun críocha-an réamhscrúdaithe ná an imscrúdaithe atá i gceist,
 - (b) (aon ráiteas, tuairisc ná fógra a thabhairt faoin réamhscrúdú ná imscrúdú sin i gcomhréir leis an Acht seo
 - (c) náimeachtaí um chion atá sonraithe faoin Acht um Rúin Oifigiúla 1963 atá líomhanta a bheith déanta i dtaobh faisnéise ná cáipéise, cuid de cháipéis ná ní faigte ag an Ombudsman ná oifigeach imscrúdaithe de bhrí an Acharta seo.”

Chun é a rá go simplí, ní bhaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise ach leis na comhaid riarracháin atá i seilbh ag Ombudsman Óglaigh na hÉireann. Níl comhaid imscrúdaithe faoi réir fhórálacha an Acht FOI.



ODF
Tuarascáil Bhliantúil 2016



⌚DF
Annual Report 2016



ODF

Ombudsman for the Defence Forces
15 Lower Hatch Street
Dublin 2, Ireland

T: +353 1 663 3222
F: +353 1 663 3223
W: www.odf.ie E: admin@odf.ie

